**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0014/2024**

29.1.2024

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir: Jessica Polfjärd


Aontaithe san éagsúlacht

### *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

# CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................47

IARSCRÍBHINN: LIOSTA EINTITEAS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ........................................................................................................50

SEASAMH MIONLAIGH ........................................................................................51

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE...52

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ......................................................91

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........92

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625**
**(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0411),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 43(2), d'Airteagal 114 agus d'Airteagal 168(4)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0238/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Cipire agus Parlaimint na hUngáire, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 26 Aibreán 2023[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0014/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Ó 2001, nuair a glacadh Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]), maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe (OGManna) isteach sa chomhshaol sa chomhshaol, d'fhág dul chun cinn suntasach sa bhith-theicneolaíocht gur forbraíodh teicnící géanómaíocha nua (TGNanna), go nótáilte teicnící modhnaithe géanóim lena gcumasaítear athruithe a dhéanamh ar an ngéanóm ag suíomhanna beachta. | (1) Ó 2001, nuair a glacadh Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]), maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe (OGManna) isteach sa chomhshaol sa chomhshaol, d'fhág dul chun cinn suntasach sa bhith-theicneolaíocht gur forbraíodh teicnící géanómaíocha nua (TGNanna), go nótáilte teicnící modhnaithe géanóim lena gcumasaítear athruithe a dhéanamh ar an ngéanóm ag suíomhanna beachta. ***Chuir an dul chun cinn mór san innealtóireacht ghéiniteach cheana féin leis an úsáid fhorleathan a bhaintear as roghnú marcóirchuidithe, rud a fhágann gur féidir géinte suimiúla atá i láthair sa bhithéagsúlacht a shainaithint agus a shlógadh.*** |
| [32] Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe isteach sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1). | [32] Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe isteach sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Is éard is TGNanna ann grúpa éagsúil de theicnící géanómaíocha, agus is féidir gach ceann díobh a úsáid ar bhealaí éagsúla chun torthaí agus táirgí difriúla a | (2) Is éard is TGNanna ann grúpa éagsúil de theicnící géanómaíocha, agus is féidir gach ceann díobh a úsáid ar bhealaí éagsúla chun torthaí agus táirgí difriúla a |

| | |
|---|---|
| bhaint amach. D'fhéadfadh orgánaigh eascairt astu ina bhfuil modhnuithe atá coibhéiseach leis an méid is féidir a fháil trí ghnáthmhodhanna pórúcháin nó in orgánaigh ina bhfuil modhnuithe níos casta. I measc TGNanna, tugann an só-ghineas spriocdhírithe agus an cisgineas (lena n-áirítear an t-inghineas) géinmhodhnuithe gan ábhar géiniteach ó speicis neamh-intrasnaithe a ionsá (trasghineas). Is ar linn géinte na bpóraitheoirí a bhraitheann na teicnící sin, agus uirthi sin amháin, i.e. an fhaisnéis ghéiniteach iomlán atá ar fáil le haghaidh an ghnáthphórúcháin lena n-áirítear faisnéis ghéiniteach ó speicis plandaí a bhfuil gaol i bhfad amach eatarthu agus ar féidir iad a chrosphórú le teicnící pórúcháin ardfhorbartha. Tarlaíonn modhnú/modhnuithe ar an seicheamh DNA ag suíomhanna ***beachta*** i ngéanóm orgánaigh de thoradh teicnící só-ghinis spriocdhírithe. De thoradh teicnící cisginis, ionsáitear, i ngéanóm orgánaigh, ábhar géiniteach atá i linn géinte na bpóraitheoirí cheana féin. Is éard is inghineas ann fothacar den chisgineas a fhágann go n-ionsáitear sa ghéanóm cóip atheagraithe d'ábhar géiniteach atá comhdhéanta de dhá sheicheamh DNA nó níos mó atá i linn géinte na bpóraitheoirí cheana féin. | bhaint amach. D'fhéadfadh orgánaigh eascairt astu ina bhfuil modhnuithe atá coibhéiseach leis an méid is féidir a fháil trí ghnáthmhodhanna pórúcháin nó in orgánaigh ina bhfuil modhnuithe níos casta. I measc TGNanna, tugann an só-ghineas spriocdhírithe agus an cisgineas (lena n-áirítear an t-inghineas) géinmhodhnuithe gan ábhar géiniteach ó speicis neamh-intrasnaithe a ionsá (trasghineas). Is ar linn géinte na bpóraitheoirí a bhraitheann na teicnící sin, agus uirthi sin amháin, i.e. an fhaisnéis ghéiniteach iomlán atá ar fáil le haghaidh an ghnáthphórúcháin lena n-áirítear faisnéis ghéiniteach ó speicis plandaí a bhfuil gaol i bhfad amach eatarthu agus ar féidir iad a chrosphórú le teicnící pórúcháin ardfhorbartha. Tarlaíonn modhnú/modhnuithe ar an seicheamh DNA ag suíomhanna ***spriocdhírithe*** i ngéanóm orgánaigh de thoradh teicnící só-ghinis spriocdhírithe. De thoradh teicnící cisginis, ionsáitear, i ngéanóm orgánaigh, ábhar géiniteach atá i linn géinte na bpóraitheoirí cheana féin. Is éard is inghineas ann fothacar den chisgineas a fhágann go n-ionsáitear sa ghéanóm cóip atheagraithe d'ábhar géiniteach atá comhdhéanta de dhá sheicheamh DNA nó níos mó atá i linn géinte na bpóraitheoirí cheana féin. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tá taighde poiblí agus príobháideach ar siúl go leanúnach ar TGNanna a úsáid a raon níos leithne de bharra agus de thréithe i gcomparáid leis na barra agus leis na tréithe sin a fhaightear trí theicnící trasghéineacha a údaraítear san Aontas nó ar bhonn domhanda ([33]). Áirítear leis sin plandaí ag a bhfuil lamhháltas nó frithsheasmhacht fheabhsaithe in aghaidh | (3) Tá taighde poiblí agus príobháideach ar siúl go leanúnach ar TGNanna a úsáid a raon níos leithne de bharra agus de thréithe i gcomparáid leis na barra agus leis na tréithe sin a fhaightear trí theicnící trasghéineacha a údaraítear san Aontas nó ar bhonn domhanda ([33]). Áirítear leis sin plandaí ag a bhfuil lamhháltas nó frithsheasmhacht fheabhsaithe in aghaidh |

galair ***phlandaí*** agus lotnaidí, plandaí ag a bhfuil lamháltas nó frithsheasmhacht fheabhsaithe in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide agus struis chomhshaoil, éifeachtúlacht fheabhsaithe ó thaobh na gcothaitheach agus na húsáide uisce, plandaí ag a bhfuil táirgeachtaí agus frithsheasmhacht níos airde agus saintréithe cáilíochta feabhsaithe. Leis na cineálacha plandaí nua sin, in éineacht le hinfheidhmeacht measartha éasca agus tapa na dteicnící nua sin, d'fhéadfaí tairbhí a sholáthar d'fheirmeoirí, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Dá réir sin, tá an acmhainneacht ag TGNanna rannchuidiú le spriocanna nuálaíochta agus inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ([34]) agus na Straitéisí 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' ([35]), na Bithéagsúlachta ([36]) agus um an Oiriúnú don Athrú Aeráide ([37]), leis an tslándáil bia dhomhanda ([38]), leis an Straitéis Bhithgheilleagair ([39]) agus le huathriail straitéiseach an Aontais ([40]).

[33] Léargais agus réitigh a eascraíonn as tionscadail taighde agus nuálaíochta arna gcistiú ag an Aontas i leith straitéisí pórúcháin plandaí***, féadfaidh siad*** cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le brath, an inrianaitheacht agus an bharántúlacht a áirithiú, agus an nuálaíocht a chur chun cinn i réimse na dteicnící géanómaíocha nua. Cistíodh breis agus 1 000 tionscadal faoin Seachtú Clár Réime agus faoin gclár comharba Fís 2020, agus infheistíocht de bhreis agus ***3 bhilliún Euro*** i gceist. Tá tacaíocht ó Fhís Eorpach do thionscadail taighde chomhoibríocha maidir le straitéisí pórúcháin plandaí ar siúl go leanúnach freisin, SWD(2021) 92.

[34] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste

galair ***plandaí*** agus lotnaidí, plandaí ag a bhfuil lamháltas ***in aghaidh luibhicídí, plandaí ag a bhfuil lamháltas*** nó frithsheasmhacht fheabhsaithe in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide agus struis chomhshaoil, éifeachtúlacht fheabhsaithe ó thaobh na gcothaitheach agus na húsáide uisce, plandaí ag a bhfuil táirgeachtaí agus frithsheasmhacht níos airde agus saintréithe cáilíochta feabhsaithe. Leis na cineálacha plandaí nua sin, in éineacht le hinfheidhmeacht measartha éasca agus tapa na dteicnící nua sin, d'fhéadfaí tairbhí a sholáthar d'fheirmeoirí, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Dá réir sin, tá an acmhainneacht ag TGNanna rannchuidiú le spriocanna nuálaíochta agus inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ([34]) agus na Straitéisí 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' ([35]), na Bithéagsúlachta ([36]) agus um an Oiriúnú don Athrú Aeráide ([37]), leis an tslándáil bia dhomhanda ([38]), leis an Straitéis Bhithgheilleagair ([39]) agus le huathriail straitéiseach an Aontais ([40]).

[33] ***Féadfaidh*** léargais agus réitigh a eascraíonn as tionscadail taighde agus nuálaíochta arna gcistiú ag an Aontas i leith straitéisí pórúcháin plandaí cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le brath, an inrianaitheacht agus an bharántúlacht a áirithiú, agus an nuálaíocht a chur chun cinn i réimse na dteicnící géanómaíocha nua. Cistíodh breis agus 1 000 tionscadal faoin Seachtú Clár Réime agus faoin gclár comharba Fís 2020, agus ***bhí*** infheistíocht de bhreis agus ***EUR 3 bhilliún*** i gceist. Tá tacaíocht ó Fhís Eorpach do thionscadail taighde chomhoibríocha maidir le straitéisí pórúcháin plandaí ar siúl go leanúnach freisin, SWD(2021) 92.

[34] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste

na Réigiún dar teideal The European Green Deal [An Comhaontú Glas don Eoraip], COM/2019/640 final.

[35] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally friendly food system [Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], COM/2020/381 final.

[36] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol, COM/2020/380 final.

[37] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Forging a Climate-Resilient Europe – the New EU Strategy on Adaptation to Climate Change [An Eoraip a fhorbairt sa tslí go mbeidh sí athléimneach – Straitéis Nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021) 82 final

[38] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An tSlándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú, COM (2022) 133 final; Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), 2022, Gene editing and agrifood systems [An modhnú géanóim agus córais agraibhia], an Róimh, ISBN 978-92-5-137417-7.

[39] An Coimisiún Eorpach, Ard-

na Réigiún dar teideal The European Green Deal [An Comhaontú Glas don Eoraip], COM/2019/640 final.

[35] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally friendly food system [Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], COM/2020/381 final.

[36] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol, COM/2020/380 final.

[37] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Forging a Climate-Resilient Europe – the New EU Strategy on Adaptation to Climate Change [An Eoraip a fhorbairt sa tslí go mbeidh sí athléimneach – Straitéis Nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021) 82 final

[38] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, An tSlándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú, COM (2022) 133 final; Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), 2022, Gene editing and agrifood systems [An modhnú géanóim agus córais agraibhia], an Róimh, ISBN 978-92-5-137417-7.

[39] An Coimisiún Eorpach, Ard-

Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, A sustainable Bioeconomy for Europe: Strengthening the connection between economy, society and the environment: updated bioeconomy strategy [Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip: An nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú: straitéis bhithgheilleagair nuashonraithe], Oifig na bhFoilseachán, 2018, https://data.europa.eu/doi/10.2777/792130.

[40] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Trade Policy Review - An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy [Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach] COM(2021)66 final.

Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, A sustainable Bioeconomy for Europe: Strengthening the connection between economy, society and the environment: updated bioeconomy strategy [Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip: An nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú: straitéis bhithgheilleagair nuashonraithe], Oifig na bhFoilseachán, 2018, https://data.europa.eu/doi/10.2777/792130.

[40] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Trade Policy Review - An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy [Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach] COM(2021)66 final.

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) ***Dá bhrí sin, is gá creat dlíthiúil sonrach*** a ***ghlacadh le haghaidh OGManna a*** fhaighthear trí shó-ghineas spriocdhírithe agus cisgineas agus ***le haghaidh*** táirgí gaolmhara i gcás ***ina scaoiltear iad sa chomhshaol ar bhonn réamhbheartaithe nó i gcás ina gcuirtear ar an margadh iad.*** | (8) ***Níor cheart plandaí agus táirgí TGN de Chatagóir 1*** a fhaighthear trí shó-ghineas spriocdhírithe agus cisgineas agus táirgí gaolmhara ***a bheith faoi réir rialacha agus cheanglais reachtaíocht an Aontais maidir le OGM ná faoi fhorálacha*** i ***reachtaíocht eile an Aontais ag a bhfuil feidhm maidir le OGManna. Ba cheart plandaí agus táirgí TGN de Chatagóir 1 a fhaighthear trí shó-ghineas spriocdhírithe a dhíolmhú ó Iarscríbhinn 1 B a ghabhann le Treoir 2001/18/CE mar a rinneadh i*** gcás ***modhanna só-ghinis eile*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) De réir an eolais theicniúil agus eolaíoch atá ann faoi láthair, go háirithe maidir le gnéithe sábháilteachta, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le OGManna ar plandaí iad, i.e. orgánaigh sna grúpaí tacsanomaíocha Archaeplastida nó Phaeophyceae, ***seachas*** miocrorgánaigh, fungais ***ná*** ainmhithe ***dá bhfuil an t-eolas atá*** ar ***fáil níos teoranta. Ar*** an gcúis chéanna, níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo ach plandaí a fhaightear le TGNanna áirithe: an só-ghineas spriocdhírithe agus an cisgineas (lena n-áirítear an t-inghineas) (dá ngairtear ‘plandaí TGN’ anseo feasta), ach gan plandaí a fhaightear le teicnící géanómaíocha nua eile a chumhdach. Níl ábhar géiniteach ó speicis neamh-intrasnaithe sna plandaí TGN sin. OGManna a tháirgtear trí theicnící géanómaíocha nua eile lena dtugtar ábhar géiniteach ó speiceas neamh-intrasnaithe isteach in ábhar géiniteach orgánaigh ***ó*** (trasghineas), ba cheart gan iad a bheith faoi réir ach reachtaíocht an Aontais maidir le OGM agus faoina réir sin amháin, i bhfianaise go bhféadfadh rioscaí sonracha a bhaineann leis an trasghineas sna plandaí a bheadh ann de thoradh na dteicnící sin. ***Thairis sin, níl aon léiriú ann gur gá na ceanglais, atá i bhfeidhm faoi láthair i reachtaíocht an Aontais maidir le OGM le haghaidh OGManna a fhaightear trí thrasghineas, a oiriúnú faoi láthair.*** | (9) De réir an eolais theicniúil agus eolaíoch atá ann faoi láthair, go háirithe maidir le gnéithe sábháilteachta, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le OGManna ar plandaí iad, i.e. orgánaigh sna grúpaí tacsanomaíocha Archaeplastida nó Phaeophyceae***. Ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú ar an eolas atá ar fáil faoi orgánaigh eile***, ***amhail*** miocrorgánaigh, fungais ***agus*** ainmhithe***, d’fhonn tionscnaimh reachtacha ina leith amach anseo*** Ar an gcúis chéanna, níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo ach plandaí a fhaightear le TGNanna áirithe: an só-ghineas spriocdhírithe agus an cisgineas (lena n-áirítear an t-inghineas) (dá ngairtear ‘plandaí TGN’ anseo feasta), ach gan plandaí a fhaightear le teicnící géanómaíocha nua eile a chumhdach. Níl ábhar géiniteach ó speicis neamh-intrasnaithe sna plandaí TGN sin. OGManna a tháirgtear trí theicnící géanómaíocha nua eile lena dtugtar ábhar géiniteach ó speiceas neamh-intrasnaithe isteach in ábhar géiniteach orgánaigh (trasghineas), ba cheart gan iad a bheith faoi réir ach reachtaíocht an Aontais maidir le OGM agus faoina réir sin amháin, i bhfianaise go bhféadfadh rioscaí sonracha a bhaineann leis an trasghineas ***a bheith*** sna plandaí a bheadh ann de thoradh na dteicnící sin. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (10) Ba cheart cuspóirí reachtaíocht an Aontais maidir le OGM a bheith sa chreat dlíthiúil le haghaidh plandaí TGN freisin, chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus ainmhithe agus don chomhshaol agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú le haghaidh na bplandaí agus na dtáirgí lena mbaineann, agus aghaidh á tabhairt ar shainiúlacht ***phlandaí*** TGN an tráth céanna. Leis an gcreat dlíthiúil seo, plandaí, bia agus beatha, arb iad plandaí, bia agus beatha ina bhfuil, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as plandaí TGN agus as táirgí eile ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phlandaí TGN ('táirgí TGN'), ba cheart forbairt agus cur na bplandaí, an bhia agus na beatha sin ar an margadh a chumasú chun rannchuidiú le cuspóirí nuálaíochta agus inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na straitéisí 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', na Bithéagsúlachta agus um an Oiriúnú don Athrú Aeráide agus chun feabhas a chur ar iomaíochas earnáil agraibhia an Aontais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda. | (10) ***Agus lánaird á tabhairt ar phrionsabal an réamhchúraim,*** ba cheart cuspóirí reachtaíocht an Aontais maidir le OGM a bheith sa chreat dlíthiúil le haghaidh plandaí TGN freisin, chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus ainmhithe agus don chomhshaol agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú le haghaidh na bplandaí agus na dtáirgí lena mbaineann, agus aghaidh á tabhairt ar shainiúlacht ***plandaí*** TGN an tráth céanna. Leis an gcreat dlíthiúil seo, plandaí, bia agus beatha, arb iad plandaí, bia agus beatha ina bhfuil, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as plandaí TGN agus as táirgí eile ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phlandaí TGN ('táirgí TGN'), ba cheart forbairt agus cur na bplandaí, an bhia agus na beatha sin ar an margadh a chumasú chun rannchuidiú le cuspóirí nuálaíochta agus inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na straitéisí 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', na Bithéagsúlachta agus um an Oiriúnú don Athrú Aeráide agus chun feabhas a chur ar iomaíochas earnáil agraibhia an Aontais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Tá an Rialachán seo ina lex specialis maidir le reachtaíocht an Aontais maidir le OGM. Tugtar forálacha sonracha isteach leis le haghaidh plandaí TGN agus táirgí TGN. Mar sin féin, i gcás nach bhfuil aon riail shonrach sa Rialachán seo, ba cheart plandaí agus táirgí TGN ***(lena n-áirítear bia agus beatha)*** a fhaightear díobh a bheith fós faoi réir cheanglais reachtaíocht an Aontais maidir le OGM agus na rialacha maidir le OGManna i reachtaíocht earnálach, amhail | (11) Tá an Rialachán seo ina lex specialis maidir le reachtaíocht an Aontais maidir le OGM. Tugtar forálacha sonracha isteach leis le haghaidh plandaí TGN agus táirgí TGN. Mar sin féin, i gcás nach bhfuil aon riail shonrach sa Rialachán seo, ba cheart plandaí agus táirgí TGN a fhaightear díobh a bheith fós faoi réir cheanglais reachtaíocht an Aontais maidir le OGM agus na rialacha maidir le OGManna i reachtaíocht earnálach, amhail Rialachán (AE) 2017/625 maidir le |

| | |
|---|---|
| Rialachán (AE) 2017/625 maidir le rialuithe oifigiúla nó na reachtaíochta maidir le táirgí áirithe amhail ábhar atáirgthe plandaí agus foraoise. | rialuithe oifigiúla nó na reachtaíochta maidir le táirgí áirithe amhail ábhar atáirgthe plandaí agus foraoise. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar phlandaí TGN a bhfuil an acmhainneacht acu leanúint ar marthain, atáirgeadh nó leathadh sa chomhshaol, laistigh nó lasmuigh de ghoirt, leis an leibhéal grinnscrúdaithe is airde i ndáil leis an tionchar atá ag na plandaí sin ar an dúlra agus ar an gcomhshaol.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Plandaí TGN a d'fhéadfaí a fháil go nádúrtha nó a tháirgeadh trí ghnáth-theicnící pórúcháin agus a ***sliocht a fhaightear trí ghnáth-theicnící pórúcháin*** ('Plandaí TGN de chatagóir 1'), ba cheart iad a láimhseáil mar phlandaí a fuarthas go nádúrtha nó a táirgeadh trí ghnáth-theicnící pórúcháin, i bhfianaise go mbíonn siad coibhéiseach agus go mbíonn a rioscaí inchomparáide, rud a bheidh ina mhaolú iomlán ar reachtaíocht an Aontais maidir le OGM agus ***ó*** cheanglais ghaolmhara maidir le OGM i reachtaíocht earnálach. Chun an deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart na critéir a leagan amach leis an Rialachán seo chun fionnadh má tá planda TGN coibhéiseach le plandaí a fhaightear go nádúrtha nó a phóraítear mar is gnáth agus nós imeachta a leagan síos le haghaidh | (14) Plandaí TGN a d'fhéadfaí a fháil go nádúrtha nó a tháirgeadh trí ghnáth-theicnící pórúcháin agus a ***síolrach*** ('Plandaí TGN de chatagóir 1'), ba cheart iad a láimhseáil mar phlandaí a fuarthas go nádúrtha nó a táirgeadh trí ghnáth-theicnící pórúcháin, i bhfianaise go mbíonn siad coibhéiseach agus go mbíonn a rioscaí inchomparáide, rud a bheidh ina mhaolú iomlán ar reachtaíocht an Aontais maidir le OGM agus ***ar*** cheanglais ghaolmhara maidir le OGM i reachtaíocht earnálach. Chun an deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart na critéir a leagan amach leis an Rialachán seo chun fionnadh má tá planda TGN coibhéiseach le plandaí a fhaightear go nádúrtha nó a phóraítear mar is gnáth agus nós imeachta a leagan síos le haghaidh údaráis inniúla chun |

| | |
|---|---|
| údaráis inniúla chun comhlíonadh na gcritéar sin a fhíorú agus cinneadh a dhéanamh ina leith, sular scaoilfear nó sula gcuirfear plandaí TGN nó táirgí TGN ar an margadh. Ba cheart na critéir sin a bheith oibiachtúil agus bunaithe ar an eolaíocht. Ba cheart cineál agus fairsinge na ngéinmhodhnuithe, is féidir a fheiceáil sa dúlra nó in orgánaigh a fhaightear le gnáth-theicnící pórúcháin, a chumhdach leis na critéir sin agus ba cheart tairseacha a áireamh leo le haghaidh idir mhéid agus líon na ngéinmhodhnuithe ar ghéanóim plandaí TGN. Ós rud é go dtagann forbairt mhear ar an eolas teicniúil agus eolaíoch sa réimse sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun na critéir sin a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a mhéid a bhaineann le cineál agus le fairsinge na ngéinmhodhnuithe is féidir a fháil sa dúlra nó tríd an ngnáthphórú. | comhlíonadh na gcritéar sin a fhíorú agus cinneadh a dhéanamh ina leith, sular scaoilfear nó sula gcuirfear plandaí TGN nó táirgí TGN ar an margadh. Ba cheart na critéir sin a bheith oibiachtúil agus bunaithe ar an eolaíocht. Ba cheart cineál agus fairsinge na ngéinmhodhnuithe, is féidir a fheiceáil sa dúlra nó in orgánaigh a fhaightear le gnáth-theicnící pórúcháin, a chumhdach leis na critéir sin agus ba cheart tairseacha a áireamh leo le haghaidh idir mhéid agus líon na ngéinmhodhnuithe ar ghéanóim plandaí TGN. Ós rud é go dtagann forbairt mhear ar an eolas teicniúil agus eolaíoch sa réimse sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun na critéir sin a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a mhéid a bhaineann le cineál agus le fairsinge na ngéinmhodhnuithe is féidir a fháil sa dúlra nó tríd an ngnáthphórú. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) Agus an chastacht mhór a bhaineann le géanóim plandaí á cur san áireamh, ba cheart éagsúlacht mhéid géanómaíoch na bplandaí agus a saintréithe a léiriú sna critéir chun a mheas go bhfuil planda TGN coibhéiseach le plandaí a fhaightear go nádúrtha nó a phóraítear mar is gnáth. Tá níos mó ná dhá chrómasóim homalógacha i bplandaí polaplóideacha. Laistigh den chatagóir sin de phlandaí polaplóideacha, tá 4, 6 agus 8 dtacar crómasóm ag teitreaplóideach, heicseaplóideach, agus octaplóideach faoi seach. Is gnách go mbíonn líon níos mó géinmhodhnuithe ar phlandaí*** |

| | |
|---|---|
| | ***polaplóideacha i gcomparáid le plandaí monaplóideacha. Ar na cúiseanna sin, ba cheart go léireodh aon teorainn ar líon iomlán na modhnuithe aonair in aghaidh an phlanda líon na dtacar crómasóm i bplanda (‘ploideacht’).*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ós rud é go bhfuil na critéir, chun a mheas go bhfuil planda TGN coibhéiseach le plandaí a fhaightear go nádúrtha nó a phóraítear mar is gnáth, neamhghaolmhar leis an gcineál gníomhaíochta lena bhfágtar gur gá scaoileadh réamhbheartaithe an phlanda TGN, dearbhú maidir le stádas ***phlanda*** TGN de chatagóir 1 a dhéantar ***sula scaoilfear ar bhonn*** réamhbheartaithe chun aon chríche eile é seachas lena chur ar an margadh i gcríoch an Aontais, ***ba cheart an dearbhú sin*** a bheith bailí freisin chun táirgí TGN gaolmhara a chur ar an margadh. I bhfianaise mhéid na neamhchinnteachta a bhíonn ann tráth na trialach allamuigh faoi cé acu a bhainfidh an táirge an margadh amach nó nach mbainfidh agus faoi rannpháirtíocht dhóchúil na n-oibreoirí beaga i scaoileadh den sórt sin, maidir leis an nós imeachta um stádas ***phlanda*** TGN de chatagóir 1 a fhíorú roimh thrialacha allamuigh, ba cheart d’údaráis náisiúnta inniúla an nós imeachta sin a dhéanamh toisc gur lú an t-ualach riaracháin a bheadh i gceist leis sin le haghaidh oibreoirí, agus ba cheart cinneadh a dhéanamh ar leibhéal an Aontais amháin i gcás ina mbeidh barúlacha ag gabháil leis an tuarascáil fíorúcháin ó údaráis náisiúnta inniúla eile. I gcás ina gcuirfear an iarraidh ar fhíorú isteach sular gcuirfear táirgí TGN ar an margadh, ba cheart an nós imeachta a dhéanamh ***ar leibhéal an Aontais*** chun | (18) Ós rud é go bhfuil na critéir, chun a mheas go bhfuil planda TGN coibhéiseach le plandaí a fhaightear go nádúrtha nó a phóraítear mar is gnáth, neamhghaolmhar leis an gcineál gníomhaíochta lena bhfágtar gur gá scaoileadh réamhbheartaithe an phlanda TGN, ***ba cheart*** dearbhú maidir le stádas ***planda*** TGN de chatagóir 1***,*** a dhéantar ***roimh scaoileadh*** réamhbheartaithe chun aon chríche eile é seachas lena chur ar an margadh i gcríoch an Aontais, a bheith bailí freisin chun táirgí TGN gaolmhara a chur ar an margadh. I bhfianaise mhéid na neamhchinnteachta a bhíonn ann tráth na trialach allamuigh faoi cé acu a bhainfidh an táirge an margadh amach nó nach mbainfidh agus faoi rannpháirtíocht dhóchúil na n-oibreoirí beaga i scaoileadh den sórt sin, maidir leis an nós imeachta um stádas ***planda*** TGN de chatagóir 1 a fhíorú roimh thrialacha allamuigh, ba cheart d’údaráis náisiúnta inniúla an nós imeachta sin a dhéanamh toisc gur lú an t-ualach riaracháin a bheadh i gceist leis sin le haghaidh oibreoirí, agus ba cheart cinneadh a dhéanamh ar leibhéal an Aontais amháin i gcás ina mbeidh barúlacha ag gabháil leis an tuarascáil fíorúcháin ó údaráis náisiúnta inniúla eile. I gcás ina gcuirfear an iarraidh ar fhíorú isteach sular gcuirfear táirgí TGN ar an margadh, ***agus má tá agóidí réasúnaithe ag Ballstáit eile,*** ba cheart an nós imeachta a dhéanamh ***i gcomhairle leis an*** |

éifeachtacht an nós imeachta um fhíorú agus comhsheasmhacht na ndearbhuithe maidir le stádas ***phlanda*** TGN de chatagóir 1 a áirithiú.

***gCoimisiún agus leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás')*** chun éifeachtacht an nós imeachta um fhíorú agus comhsheasmhacht na ndearbhuithe maidir le stádas ***planda*** TGN de chatagóir 1 a áirithiú.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Chun cineálacha nua a roghnú go héifeachtach a chuideoidh le hearnáil na talmhaíochta cur leis an tslándáil bia, chomh maith leis an inbhuanaitheacht, an t-oiriúnú agus an athléimneacht i dtaca le hiarmhairtí an athraithe aeráide, is gá breithniú a dhéanamh ar shainiúlacht plandaí polaplóideacha, ar plandaí iad ina bhfuil níos mó ná dhá ghéanóm. I gcás plandaí den sórt sin, ba cheart an t-uaslíon géinmhodhnuithe a cheadaítear a chur san áireamh i gcatagóir 1 TGN a bheith comhréireach le líon na ngéanóm atá iontu.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart údaráis inniúla na mBallstát, an Coimisiún agus an tÚdarás ***Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás')*** a bheith faoi réir sprioc-amanna ***dochta*** chun a áirithiú go ndéanfar dearbhuithe maidir le stádas ***phlanda*** TGN de chatagóir 1 laistigh de thréimhse réasúnach. | (19) Ba cheart údaráis inniúla na mBallstát, an Coimisiún agus an tÚdarás a bheith faoi réir sprioc-amanna ***iomchuí*** chun a áirithiú go ndéanfar dearbhuithe maidir le stádas ***planda*** TGN de chatagóir 1 laistigh de thréimhse réasúnach. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Cinntí a dhearbhóidh stádas ***phlanda*** TGN de chatagóir 1, ba cheart uimhir aitheantais a shannadh leo don phlanda TGN lena mbaineann chun trédhearcacht agus inrianaitheacht na bplandaí sin a áirithiú nuair a liostaítear sa bhunachar sonraí iad ***agus*** chun ***ábhar atáirgthe plandaí a dhíorthaítear díobh a lipéadú***. | (21) Cinntí a dhearbhóidh stádas ***planda*** TGN de chatagóir 1, ba cheart uimhir aitheantais a shannadh leo don phlanda TGN lena mbaineann chun trédhearcacht agus inrianaitheacht na bplandaí sin a áirithiú nuair a liostaítear sa bhunachar sonraí iad***. Ba cheart go n-áiritheofaí san fhaisnéis a liostófar faisnéis ar an teicníc/na teicnící arna húsáid/arna n-úsáid*** chun ***an tréith/na tréithe a fháil***. |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([47]) toirmisctear úsáid OGManna agus táirgí ó OGManna agus arna ndéanamh de OGManna sa táirgeadh orgánach. Sainmhíníonn sé OGManna chun críocha an Rialacháin sin ***faoi threoir*** Threoir 2001/18/CE, lena ndéantar OGManna a fuarthas trí na teicnící géinmhodhnaithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1.B de Threoir 2001/18/CE a eisiamh ón toirmeasc. Dá thoradh sin, toirmiscfear plandaí TGN de chatagóir 2 sa táirgeadh orgánach. Mar sin féin, is gá stádas ***phlandaí*** TGN de chatagóir 1 a shoiléiriú chun críoch táirgeadh orgánach. ***Tá*** úsáid ***na dteicnící*** géanómaíocha nua ***ar neamhréir faoi láthair le coincheap*** an táirgthe orgánaigh ***atá i Rialachán (CE) 2018/848 agus le dearcadh na dtomhaltóirí ar tháirgí orgánacha***. Dá bhrí sin, ***ba cheart úsáid plandaí*** TGN de chatagóir 1 a ***thoirmeasc sa táirgeadh*** | (23) Le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([47]) toirmisctear úsáid OGManna agus táirgí ó OGManna agus arna ndéanamh de OGManna sa táirgeadh orgánach. Sainmhíníonn sé OGManna chun críocha an Rialacháin sin ***trí thagairt do*** Threoir 2001/18/CE, lena ndéantar OGManna a fuarthas trí na teicnící géinmhodhnaithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1.B de Threoir 2001/18/CE a eisiamh ón toirmeasc. Dá thoradh sin, toirmiscfear plandaí TGN de chatagóir 2 sa táirgeadh orgánach. Mar sin féin, is gá stádas ***plandaí*** TGN de chatagóir 1 a shoiléiriú chun críoch táirgeadh orgánach. ***Faoi láthair, ní mór tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar chomhoiriúnacht*** úsáid ***teicnící*** géanómaíocha nua ***le prionsabail*** an táirgthe orgánaigh. ***Ba cheart,*** dá bhrí sin, ***toirmeasc a chur ar phlandaí*** TGN de chatagóir 1 a ***úsáid i dtáirgeadh*** orgánach***, go dtí go ndéanfar a thuilleadh*** |

| | |
|---|---|
| orgánach ***freisin***. | ***breithnithe***. |
| [47] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1). | [47] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1). |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart foráil a dhéanamh chun an trédhearcacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le húsáid cineálacha plandaí TGN de chatagóir 1, chun a áirithiú gur féidir le slabhraí táirgeachta ar mian leo fanacht saor ó TGNanna déanamh amhlaidh, agus iontaoibh an tomhaltóra a choimirciú dá réir. Plandaí TGN a fuair dearbhú maidir le stádas ***phlanda*** TGN de chatagóir 1, ba cheart iad a liostú i mbunachar sonraí a bheidh ar fáil go poiblí. Chun an inrianaitheacht, an trédhearcacht agus an rogha a áirithiú le haghaidh oibreoirí, le linn taighde agus pórú plandaí, i gcás ina mbeidh síol á dhíol le feirmeoirí nó ábhar atáirgthe plandaí á chur ar fáil do thríú páirtithe ar aon bhealach eile, ba cheart ábhar atáirgthe plandaí de phlandaí TGN de chatagóir 1 a lipéadú mar TGN de chatagóir 1. | (24) Ba cheart foráil a dhéanamh chun an trédhearcacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le húsáid cineálacha plandaí TGN de chatagóir 1, chun a áirithiú gur féidir le slabhraí táirgeachta ar mian leo fanacht saor ó TGNanna déanamh amhlaidh, agus iontaoibh an tomhaltóra a choimirciú dá réir. Plandaí TGN a fuair dearbhú maidir le stádas ***planda*** TGN de chatagóir 1, ba cheart iad a liostú i mbunachar sonraí a bheidh ar fáil go poiblí ***lena n-áirítear faisnéis maidir leis an teicníc nó na teicnící a úsáidtear chun an tréith nó na tréithe a fháil***. Chun an inrianaitheacht, an trédhearcacht agus an rogha a áirithiú le haghaidh oibreoirí, le linn taighde agus pórú plandaí, i gcás ina mbeidh síol á dhíol le feirmeoirí nó ábhar atáirgthe plandaí á chur ar fáil do thríú páirtithe ar aon bhealach eile, ba cheart ábhar atáirgthe plandaí de phlandaí TGN de chatagóir 1 a lipéadú mar TGN de chatagóir 1. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (29) Le Treoir 2001/18/CE ceanglaítear go mbeidh plean faireacháin um éifeachtaí comhshaoil OGManna ann tar éis scaoileadh réamhbheartaithe na n-orgánach sin nó tar éis iad a chur ar an margadh ach déantar foráil léi maidir leis an tsolúbthacht ó thaobh dhearadh an phlean de, rud lena gcuirtear an measúnú riosca comhshaoil, saintréithe an ***orgánaigh ghéinmhodhnaithe***, an úsáid a bheartaítear dó agus an timpeallacht ghlactha san áireamh. Géinmhodhnuithe i bplandaí TGN de chatagóir 2, féadfaidh idir athruithe nach gá ach measúnú riosca teoranta a dhéanamh orthu a bheith i gceist leo agus athruithe casta a fhágann gur gá anailís níos críochnúla a dhéanamh ar na rioscaí féideartha. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais maidir le faireachán iarmhargaidh i dtaca le héifeachtaí comhshaoil ***phlandaí*** TGN de chatagóir 2 a oiriúnú i bhfianaise an mheasúnaithe riosca ***chomhshaoil*** agus na taithí i dtrialacha allamuigh, i bhfianaise shaintréithe an phlanda TGN lena mbaineann, i bhfianaise shaintréithe agus scála na húsáide a bheartaítear dó, go háirithe stair úsáid shábháilte an phlanda más ann di agus saintréithe na timpeallachta glactha. ***Dá bhrí sin, níor*** cheart ***é a bheith de cheangal*** plean faireacháin um éifeachtaí comhshaoil a bheith ***ann mura dócha go mbainfidh*** rioscaí ***le planda*** TGN de chatagóir 2 ***is*** gá faireachán a dhéanamh orthu, amhail éifeachtaí ***gan choinne***, moillithe nó ***indíreacha*** ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol. | (29) Le Treoir 2001/18/CE***,*** ceanglaítear go mbeidh plean faireacháin um éifeachtaí comhshaoil OGManna ann tar éis scaoileadh réamhbheartaithe na n-orgánach sin nó tar éis iad a chur ar an margadh ach déantar foráil léi maidir leis an tsolúbthacht ó thaobh dhearadh an phlean de, rud lena gcuirtear an measúnú riosca comhshaoil, saintréithe an ***OGM***, an úsáid a bheartaítear dó agus an timpeallacht ghlactha san áireamh. Géinmhodhnuithe i bplandaí TGN de chatagóir 2, féadfaidh idir athruithe nach gá ach measúnú riosca teoranta a dhéanamh orthu a bheith i gceist leo agus athruithe casta a fhágann gur gá anailís níos críochnúla a dhéanamh ar na rioscaí féideartha. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais maidir le faireachán iarmhargaidh i dtaca le héifeachtaí comhshaoil ***plandaí*** TGN de chatagóir 2 a oiriúnú i bhfianaise an mheasúnaithe riosca ***comhshaoil*** agus na taithí i dtrialacha allamuigh, i bhfianaise shaintréithe an phlanda TGN lena mbaineann, i bhfianaise shaintréithe agus scála na húsáide a bheartaítear dó, go háirithe stair úsáid shábháilte an phlanda más ann di agus saintréithe na timpeallachta glactha. ***I bhfianaise phrionsabal an réamhchúraim, ba*** cheart plean faireacháin um éifeachtaí comhshaoil a bheith ***ina cheangal i gcónaí nuair a thugtar toiliú den chéad uair. Níor cheart é a bheith indéanta an ceanglas maidir le faireachán a tharscaoileadh ach amháin ar athnuachan an toilithe, ar choinníoll go bhfuil sé léirithe nach bhfuil*** rioscaí ***ag baint leis an bplanda*** TGN de chatagóir 2 ***ar*** gá faireachán a dhéanamh orthu, amhail éifeachtaí ***indíreacha***, moillithe nó ***gan choinne*** ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Póraítear plandaí luibhicídfhulangacha d’aon turas chun bheith fulangach ar luibhicídí, chun iad a shaothrú i gcomhcheangal le húsáid na luibhicídí sin. Más rud é nach ndéantar an saothrú sin faoi ***choinníollacha*** iomchuí, d’fhéadfadh fiailí ***teacht chun cinn dá thoradh sin*** a bheadh frithsheasmhach in aghaidh na luibhicídí sin**,** nó an gá ***cainníochtaí*** na luibhicídí a chuirtear i bhfeidhm a ***mhéadú***, gan beann ar an teicníc phórúcháin. Ar an gcúis sin, níor cheart plandaí TGN ag a bhfuil tréithe luibhicídfhulangacha ***a bheith incháilithe do dhreasachtaí faoin gcreat seo. Mar sin féin, níor cheart bearta sonracha eile a dhéanamh leis an Rialachán seo maidir le*** plandaí TGN ***luibhicídfhulangacha, toisc go ndéantar na bearta sin go cothrománach sa [Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí san Aontas]***. | (36) Póraítear plandaí luibhicídfhulangacha d’aon turas chun bheith fulangach ar luibhicídí, chun iad a shaothrú i gcomhcheangal le húsáid na luibhicídí sin. Más rud é nach ndéantar an saothrú sin faoi ***dhálaí*** iomchuí, d’fhéadfadh fiailí a bheadh frithsheasmhach in aghaidh na luibhicídí sin nó an gá ***atá le méadú ar chainníochtaí*** na luibhicídí a chuirtear i bhfeidhm a ***bheith mar thoradh air***, gan beann ar an teicníc phórúcháin. Ar an gcúis sin, níor cheart ***go dtiocfadh*** plandaí TGN ag a bhfuil tréithe luibhicídfhulangacha ***faoi raon feidhme*** plandaí TGN ***de chatagóir 1***. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Chun plandaí TGN a chumasú chun rannchuidiú le cuspóirí inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais agus na Straitéisí ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ agus na Bithéagsúlachta, ba cheart saothrú na bplandaí TGN san Aontas a éascú. Éilíonn sé sin an intuarthacht le haghaidh póraitheoirí agus feirmeoirí a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht na plandaí sin a shaothrú san Aontas. Dá bhrí sin, ***an fhéidearthacht go bhféadfadh*** na Ballstáit bearta a ***dhéanamh*** lena ndéanfaí saothrú ***phlandaí*** TGN a shrianadh nó a | (37) Chun plandaí TGN a chumasú chun rannchuidiú le cuspóirí inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais agus na Straitéisí ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ agus na Bithéagsúlachta, ba cheart saothrú na bplandaí TGN san Aontas a éascú. Éilíonn sé sin an intuarthacht le haghaidh póraitheoirí agus feirmeoirí a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht na plandaí sin a shaothrú san Aontas. Dá bhrí sin, ***níor cheart go mbeadh*** na Ballstáit ***in ann*** bearta a ***ghlacadh*** lena ndéanfaí saothrú ***plandaí*** TGN ***de chatagóir 2*** a |

thoirmeasc ina chríoch uile nó i gcuid di, rud a leagtar amach in Airteagal 26b de Threoir 2001/18/CE, ***dhéanfadh an fhéidearthacht sin dochar do*** na spriocanna sin.

shrianadh nó a thoirmeasc ina chríoch uile nó i gcuid di, rud a leagtar amach in Airteagal 26b de Threoir 2001/18/CE, ***ós rud é go mbainfeadh sé sin an bonn de*** na spriocanna sin.

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Chun an sprioc a bhaint amach maidir le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba cheart plandaí TGN agus táirgí ***gaolmhara tairbhiú den tsaorghluaiseacht earraí***, ar ***choinníoll go gcomhlíonann siad ceanglais dhlí eile*** an Aontais. | (39) Chun an sprioc a bhaint amach maidir le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh ***agus saorghluaiseacht plandaí TGN agus táirgí TGN ar fud an Aontais*** a áirithiú, ba cheart ***scaoileadh réamhbheartaithe*** plandaí TGN agus ***cur ar an margadh*** táirgí ***TGN a bheith bunaithe ar na ceanglais chomhchuibhithe agus ar na nósanna imeachta comhchuibhithe a leagtar síos sa Rialachán seo***, ***as a dtiocfaidh glacadh cinnidh a bheadh infheidhme go haonfhoirmeach maidir le gach Ballstát. Níor cheart do na Ballstáit maolú go haontaobhach*** ar ***na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo ar bhealach a chuirfeadh srian, toirmeasc nó bac ar shaorghluaiseacht, ar chur ar*** an ***margadh agus ar scaoileadh réamhbheartaithe plandaí TGN nó táirgí TGN laistigh de chríoch an*** Aontais. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) I bhfianaise ***úrnuacht TGNanna***, ***beidh sé tábhachtach dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairt phlandaí agus táirgí TGN agus ar a láithreacht ar an margadh agus meastóireacht a dhéanamh*** | (40) I bhfianaise ***na forbartha leanúnaí atá á déanamh ar theicnící géanómaíocha nua***, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ***laistigh de chúig bliana tar éis ghlacadh*** an ***chéad*** |

***ar aon tionchar a bheidh ag gabháil leo ar shláinte an duine agus ainmhithe, ar an gcomhshaol agus ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta.*** Ba cheart ***faisnéis a bhailiú go tráthrialta agus laistigh de 5 bliana tar éis ghlacadh an chéad chinneadh lena gceadófar scaoileadh réamhbheartaithe nó margú na bplandaí TGN nó na dtáirgí TGN san Aontas, ba cheart*** don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ***ar*** an ***Rialachán seo chun an*** dul chun cinn arna dhéanamh i dtreo infhaighteacht ***na bplandaí*** TGN ina bhfuil ***na*** saintréithe nó ***na hairíonna*** sin ar mhargadh an Aontais a thomhas.

***chinnidh lena gceadófar scaoileadh réamhbheartaithe nó margú plandaí TGN nó táirgí TGN san Aontas. Leis an meastóireacht sin, ba cheart an*** dul chun cinn arna dhéanamh i dtreo infhaighteacht ***plandaí*** TGN ***nó táirgí TGN*** ina bhfuil saintréithe nó ***airíonna den sórt*** sin ar mhargadh an Aontais a thomhas***, agus é mar aidhm an Rialachán seo a fheabhsú tuilleadh***.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Tá forbairt ag teacht go leanúnach ar chineálacha ***na bplandaí*** TGN atá á bhforbairt agus ar an tionchar atá ag tréithe áirithe ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch. Dá bhrí sin, ***de réir na fianaise*** atá ar fáil ar na forbairtí agus ar na tionchair sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun liosta na dtréithe a oiriúnú arb iad na tréithe sin ba cheart a dhreasú nó a dhíspreagadh chun spriocanna na ***straitéisí*** 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', na Bithéagsúlachta agus um an Oiriúnú don Athrú Aeráide a bhaint amach.***'*** | (43) Tá forbairt ag teacht go leanúnach ar chineálacha ***plandaí*** TGN atá á bhforbairt agus ar an tionchar atá ag tréithe áirithe ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch. Dá bhrí sin, ***bunaithe ar an bhfianaise*** atá ar fáil ar na forbairtí agus ar na tionchair sin, ***agus prionsabal an réamhchúraim á chur san áireamh go hiomlán,*** ba cheart an Coimisiún a chumhachtú i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun liosta na dtréithe a oiriúnú arb iad na tréithe sin ba cheart a dhreasú nó a dhíspreagadh chun spriocanna ***an Chomhaontaithe Ghlais agus*** na ***Straitéise*** 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', na ***Straitéise*** Bithéagsúlachta agus ***na Straitéise*** um an Oiriúnú don Athrú Aeráide a bhaint amach. |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 45 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(45a) D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an Aontas agus ar a Bhallstáit gan paitinní ar ábhar bitheolaíoch a dheonú agus an tsaoirse chun oibrithe agus an díolúine póraitheoirí i leith cineálacha a chosaint. Ba cheart a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ag póraitheoirí ar ábhar géiniteach plandaí TGN, nach plandaí trasghéineacha iad de réir sainmhínithe. Is fearr is féidir rochtain ar ábhair ghéiniteacha a dhaingniú nuair a ídítear ceart na sealbhóirí paitinne i lámh an phóraitheora (díolúine póraitheora). Ós rud é nach ndéantar foráil sna forálacha reatha i ndlí na bpaitinní maidir le díolúine iomlán póraitheora iomlán, ba cheart a áirithiú nár cheart do phaitinní srian a chur ar phlandaí TGN a bheith á n-úsáid ag póraitheoirí agus ag feirmeoirí. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh plandaí TGN faoi réir reachtaíocht na bpaitinní ach ba cheart dóibh, ar mhaithe le maoin intleachtúil a chosaint, a bheith faoi réir an chórais um Chearta Comhphobail maidir le Cineálacha Plandaí (CPVR) amháin, mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle, rud a cheadaíonn an díolúine póraitheora a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart plandaí TGN, a síolta díorthaithe, a n-ábhar plandaí, ábhar géiniteach gaolmhar amhail géinte agus seichimh ghéinte, agus tréithe plandaí a eisiamh ó inphaitinneacht. Ba cheart an t-eisiamh ó inphaitinneacht a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach ar fud na reachtaíochta. Thairis sin, chun deonú paitinní nó iarratais ar phaitinní a sheachaint idir dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cur i bhfeidhm a fhorálacha, ba cheart a áirithiú go n-eisiafar ábhar plandaí ó inphaitinneacht ó lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. I gcás paitinní a deonaíodh cheana féin nó*** |

| | |
|---|---|
| | ***atá ar feitheamh lena gcumhdaítear ábhar plandaí, ba cheart éifeachtaí na bpaitinní a theorannú tuilleadh. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt, sa staidéar atá le teacht, ar an gcaoi ar cheart aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar an bhfadhb níos leithne maidir le paitinní a dheonú, go díreach nó go hindíreach, i ndáil le hábhar plandaí in ainneoin iarrachtaí a rinneadh roimhe seo chun lúba ar lár a dhúnadh. Sa mheasúnú, ba cheart aghaidh a thabhairt go háirithe ar ról agus tionchar na bpaitinní ar rochtain na bpóraitheoirí agus na bhfeirmeoirí ar ábhar atáirgthe plandaí, ar éagsúlacht síolta agus ar phraghsanna inacmhainne, agus chomh maith leis sin ar an nuálaíocht agus go háirithe ar na deiseanna do FBManna. Ba cheart go mbeadh na tograí reachtacha iomchuí ag gabháil leis an tuarascáil ón gCoimisiún chun a áirithiú go ndéanfar tuilleadh coigeartuithe riachtanacha ar chreat na gceart maoine intleachtúla.*** |

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagtar rialacha sonracha ***síos*** leis an Rialachán seo maidir le plandaí a fhaightear le teicnící géanómaíocha nua áirithe ('plandaí TGN') a scaoileadh ar bhonn réamhbheartaithe sa chomhshaol chun aon chríche eile seachas lena gcur ar an margadh agus maidir le bia agus beatha a chur ar an margadh, ar bia agus beatha iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as na plandaí sin, agus maidir le táirgí a chur ar an margadh, seachas bia nó beatha, ar táirgí iad ina bhfuil na plandaí sin nó atá comhdhéanta díobh. | Leagtar ***síos*** rialacha sonracha leis an Rialachán seo***, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim,*** maidir le plandaí a fhaightear le teicnící géanómaíocha nua áirithe ('plandaí TGN') a scaoileadh ar bhonn réamhbheartaithe sa chomhshaol chun aon chríche eile seachas lena gcur ar an margadh agus maidir le bia agus beatha a chur ar an margadh, ar bia agus beatha iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as na plandaí sin, agus maidir le táirgí a chur ar an margadh, seachas bia nó beatha, ar táirgí iad ina bhfuil na plandaí sin nó atá comhdhéanta díobh***, lena n-áirithítear ardleibhéal cosanta do shláinte*** |

| | |
|---|---|
| | ***an duine agus do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol*.** |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ciallaíonn 'planda TGN' planda géinmhodhnaithe a fhaightear trí shó-ghineas spriocdhírithe nó trí chisgineas, nó teaglaim díobh, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon ábhar géiniteach ann ar de thionscnamh lasmuigh ***de*** linn géinte ***na bpóraitheoirí é*** a d'fhéadfadh a bheith ionsáite go sealadach le linn fhorbairt an phlanda TGN; | (2) Ciallaíonn 'planda TGN' planda géinmhodhnaithe a fhaightear trí shó-ghineas spriocdhírithe nó trí chisgineas, nó teaglaim díobh, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon ábhar géiniteach ann ar de thionscnamh lasmuigh ***den*** linn géinte ***chun críoch gnáthphórúcháin*** a d'fhéadfadh a bheith ionsáite go sealadach le linn fhorbairt an phlanda TGN; |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn 'só-ghineas spriocdhírithe' teicnící só-ghinis a dtarlaíonn modhnú (modhnuithe) ar an seicheamh DNA dá thoradh ag suíomhanna ***beachta*** i ngéanóm orgánaigh; | (4) ciallaíonn 'só-ghineas spriocdhírithe' teicnící só-ghinis a dtarlaíonn modhnú (modhnuithe) ar an seicheamh DNA dá thoradh ag suíomhanna ***spriocdhírithe*** i ngéanóm orgánaigh; |

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ciallaíonn 'linn géinte ***na bpóraitheoirí***' an fhaisnéis ghéiniteach iomlán a bhíonn ar fáil i speiceas amháin agus i speicis thacsanomaíocha eile lenar féidir é a chrosphórú, ***lena n-áirítear*** trí úsáid a bhaint as teicnící ardfhorbartha amhail tarrtháil suthanna, polaplóideacht ionduchtaithe agus crosphóruithe | (6) ciallaíonn 'linn géinte ***chun críoch gnáthphórúcháin***' an fhaisnéis ghéiniteach iomlán a bhíonn ar fáil i speiceas amháin agus i speicis thacsanomaíocha eile lenar féidir é a chrosphórú, trí úsáid a bhaint as teicnící ardfhorbartha amhail tarrtháil suthanna, polaplóideacht ionduchtaithe agus crosphóruithe eachtarshuímh; |

eachtarshuímh;

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) ciallaíonn 'Cur Chuige na hAon Sláinte Amháin' cur chuige comhtháite aontaitheach a bhfuil sé mar aidhm leis sláinte daoine, ainmhithe, plandaí agus éiceachóras a chothromú agus a bharrfheabhsú ar bhealach inbhuanaithe agus ar cur chuige é a aithníonn go bhfuil dlúthnasc idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe clóis agus fiáine, sláinte plandaí agus sláinte an chomhshaoil i gcoitinne, lena n-áirítear éiceachórais, agus go bhfuil siad idirspleách.*** |

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15b) ciallaíonn 'próitéin shimireach' próitéiní arna gcruthú trí dhá ghéin nó níos mó nó codanna de ghéinte a chódaíodh ar dtús le haghaidh próitéiní ar leithligh a cheangal le chéile.*** |

**Leasú 30**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gur ***sliocht*** é de phlanda/de phlandaí dá dtagraítear i bpointe (a); nó | (b) gur ***síolrach*** é de phlanda/de phlandaí dá dtagraítear i bpointe (a) ***ar choinníoll go bhfuil na critéir choibhéise a leagtar amach in Iarscríbhinn I fós á gcomhlíonadh***; nó |

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ***gurb é*** planda TGN de chatagóir 2 ***atá ann*** agus go bhfuil sé údaraithe i gcomhréir le Caibidil III. | (2) ***gur*** planda TGN de chatagóir 2 ***é an planda,*** agus go bhfuil ***toiliú deonaithe dó nó go bhfuil*** sé údaraithe i gcomhréir le Caibidil III. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ní bheidh sé de chuspóir ná d'éifeacht ag cur chun feidhme, forfheidhmiú ná cur i bhfeidhm an Rialacháin seo cosc ná bac a chur ar allmhairí plandaí agus táirgí TGN ó thríú tíortha a chomhlíonann na caighdeáin chéanna a leagtar síos sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 33**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4a*** |
| | ***Eisiamh ó inphaitinneacht*** |
| | ***Ní bheidh plandaí TGN, ábhar plandaí, codanna díobh, faisnéis ghéiniteach ná na gnéithe próisis atá iontu inphaitinnithe.*** |

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 2. Chun críocha ***Rialachán*** (AE) 2018/848, na rialacha a leagtar amach ***ina Airteagail 5*** (f) (iii) agus ***11*** beidh feidhm acu maidir le plandaí TGN de chatagóir 1 agus le táirgí a tháirgtear as nó trí na plandaí sin. | 2. Chun críocha ***Rialachán*** (AE) 2018/848, na rialacha a leagtar amach ***in Airteagal 5*** (f)***,*** (iii) agus ***in Airteagal 11,*** beidh feidhm acu maidir le plandaí TGN de chatagóir 1 agus ***maidir*** le táirgí a tháirgtear as nó trí na plandaí sin. ***[7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil ar fhorbairt dhearcadh na dtomhaltóirí agus na dtáirgeoirí, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach.*** |

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 lena leasaítear na critéir choibhéise maidir le plandaí TGN le gnáthphlandaí a leagtar síos in Iarscríbhinn I chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicneolaíochta agus eolaíochta a mhéid a bhaineann le cineálacha agus le fairsinge na modhnuithe is féidir tarlú go nádúrtha nó tríd an ngnáthphórú. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 lena leasaítear na critéir choibhéise maidir le plandaí TGN le gnáthphlandaí a leagtar síos in Iarscríbhinn I***, agus na rioscaí gaolmhara agus na hiarmhairtí feidhmiúla a d'fhéadfadh a bheith sa nós imeachta fíorúcháin á gcur san áireamh,*** chun ***na critéir sin a chur in oiriúint do na forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha is déanaí chun*** iad a oiriúnú don dul chun cinn teicneolaíochta agus eolaíochta a mhéid a bhaineann le cineálacha agus le fairsinge na modhnuithe is féidir tarlú go nádúrtha nó tríd an ngnáthphórú. |

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Maidir le láithreacht aidbhinteach nó dhosheachanta go teicniúil plandaí TGN de chatagóir 1, ábhair atáirgthe nó codanna díobh i dtáirgeadh orgánach, nó i dtáirgí neamhorgánacha atá údaraithe i*** |

***dtáirgeadh orgánach i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2018/848, ní hionann í agus neamhchomhlíonadh an Rialacháin sin.***

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun an dearbhú maidir le stádas ***phlanda*** TGN de chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a) a fháil, sula dtabharfar faoi scaoileadh réamhbheartaithe ***phlanda*** TGN chun aon chríche eile seachas lena chur ar an margadh, cuirfidh an duine a bheartóidh tabhairt faoin scaoileadh réamhbheartaithe iarraidh chun a fhíorú ***cé acu a chomhlíontar nó nach*** gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in ***Iarscríbhinn I*** ('iarraidh ar fhíorú') faoi bhráid an ***údaráis inniúil arna ainmniú*** i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Threoir 2001/18/CE ***de chuid an Bhallstáit*** ar laistigh dá chríoch a bhfuil an scaoileadh le tarlú i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 agus leis an ngníomh ***cur chun feidhme*** arna ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 27***, pointe (b). | 1. Chun an dearbhú maidir le stádas ***planda*** TGN de chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (a) a fháil, sula dtabharfar faoi scaoileadh réamhbheartaithe ***planda*** TGN chun aon chríche eile seachas lena chur ar an margadh, cuirfidh an duine a bheartóidh tabhairt faoin scaoileadh réamhbheartaithe iarraidh chun a fhíorú ***an*** gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in ***Iarscríbhinn I, ar a laghad ceann amháin de na tréithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, Cuid 1, agus na critéir eisiaimh in Iarscríbhinn III, Cuid 2,*** ('iarraidh ar fhíorú')***. Cuirfear an iarraidh sin ar fhíorú*** faoi bhráid ***údarás inniúil de chuid*** an ***Bhallstáit, ar údarás é atá ainmnithe*** i gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Threoir 2001/18/CE**,** ar laistigh dá chríoch a bhfuil an scaoileadh le tarlú i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 agus leis an ngníomh ***tarmligthe*** arna ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 6(11a)***, pointe (b). |

**Leasú 38**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar an ***tréith/na*** tréithe agus ***ar*** na saintréithe a tugadh isteach nó a modhnaíodh; | (c) tuairisc ar an ***tréith nó na*** tréithe agus na saintréithe a tugadh isteach nó a modhnaíodh***, lena n-áirítear faisnéis ar an teicníc nó ar na teicnící a úsáideadh chun an tréith nó na tréithe a fháil agus lena n-áirítear nochtadh sheicheamh an*** |

| | |
|---|---|
| | ***ghéinmhodhnaithe***; |

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe d – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) gur planda TGN é an planda, lena n-áirítear gan aon ábhar géiniteach a bheith ann ar de thionscnamh lasmuigh ***de*** linn géinte ***na bpóraitheoirí é*** i gcás inar ionsádh an t-ábhar géiniteach sin go sealadach le linn fhorbairt an phlanda, i gcomhréir leis na ceanglais faisnéise a shonraítear sa ghníomh ***cur chun feidhme*** arna ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 27***, pointe (a); | (i) gur planda TGN é an planda, lena n-áirítear gan aon ábhar géiniteach a bheith ann ar de thionscnamh lasmuigh ***den*** linn géinte ***chun críoch gnáthphórúcháin*** i gcás inar ionsádh an t-ábhar géiniteach sin go sealadach le linn fhorbairt an phlanda, i gcomhréir leis na ceanglais faisnéise a shonraítear sa ghníomh ***tarmligthe*** arna ghlacadh i gcomhréir le ***hAirteagal 6(11a)***, pointe (a); |

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) go gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I; | (ii) go gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I***, ar a laghad ceann amháin de na tréithe in Iarscríbhinn III, Cuid 1, agus na critéir eisiaimh d'Iarscríbhinn III, Cuid 2***; |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) ainmníocht an chineáil*** |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 6. Mura measfar an iarraidh ar fhíorú a bheith neamh-inghlactha i gcomhréir le mír 5, fíoróidh an t-údarás inniúil náisiúnta ***cé acu a chomhlíonann nó nach*** gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus ullmhóidh tuarascáil fíorúcháin laistigh de 30 lá oibre ó dháta faighte iarrata ar fhíorú. Cuirfidh an t-údarás inniúil an tuarascáil fíorúcháin ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún gan moill mhíchuí. | 6. Mura measfar an iarraidh ar fhíorú a bheith neamh-inghlactha i gcomhréir le mír 5, fíoróidh an t-údarás inniúil náisiúnta ***an*** gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus ullmhóidh ***sé*** tuarascáil fíorúcháin laistigh de 30 lá oibre ó dháta faighte iarrata ar fhíorú. ***Féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcás inarb iomchuí, dul i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('EFSA') agus an tuarascáil fíorúcháin á hullmhú aige.*** Cuirfidh an t-údarás inniúil an tuarascáil fíorúcháin ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún gan moill mhíchuí. |

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Féadfaidh na Ballstáit eile agus an Coimisiún ***barúlacha a thabhairt faoin tuarascáil*** fíorúcháin laistigh de 20 lá ***ó dháta faighte na tuarascála*** sin. | 7. Féadfaidh na Ballstáit eile agus an Coimisiún ***agóidí réasúnaithe a dhéanamh i gcoinne na tuarascála*** fíorúcháin***, a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Iarscríbhinn I,*** laistigh de 20 lá ***ón dáta a fhaightear an tuarascáil*** sin. ***Ní dhéanfar tagairt sna hagóidí réasúnaithe sin ach amháin do na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II agus beidh réasúnú eolaíoch san áireamh iontu.*** |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. In éagmais aon ***bharúil*** ó Bhallstát ná ón gCoimisiún, laistigh de 10 lá oibre ó dháta dhul in éag an sprioc-ama dá dtagraítear i mír 7, déanfaidh an t-údarás inniúil a d'ullmhaigh an tuarascáil fíorúcháin cinneadh lena ndearbhófar ***cé*** | 8. In éagmais aon ***agóidí réasúnaithe*** ó Bhallstát ná ón gCoimisiún, laistigh de 10 lá oibre ó dháta dhul in éag an sprioc-ama dá dtagraítear i mír 7, déanfaidh an t-údarás inniúil a d'ullmhaigh an tuarascáil fíorúcháin cinneadh lena ndearbhófar ***an*** |

| | |
|---|---|
| ***acu is*** planda TGN de chatagóir 1 é an planda TGN ***nó nach é***. Tarchuirfidh sé an cinneadh gan moill mhíchuí chuig an iarrthóir, chuig na Ballstáit eile agus chuig an gCoimisiún. | planda TGN de chatagóir 1 é an planda TGN. Tarchuirfidh sé an cinneadh gan moill mhíchuí chuig an iarrthóir, chuig na Ballstáit eile agus chuig an gCoimisiún. |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. I gcásanna ina dtabharfaidh Ballstát eile nó an Coimisiún ***barúil*** faoin sprioc-am dá dtagraítear i mír 7, cuirfidh an t-údarás inniúil a d'ullmhaigh an tuarascáil fíorúcháin ***an bharúil (na barúlacha) ar aghaidh chuig an gCoimisiún*** gan moill mhíchuí. | 9. I gcásanna ina dtabharfaidh Ballstát eile nó an Coimisiún ***agóid réasúnaithe*** faoin sprioc-am dá dtagraítear i mír 7, cuirfidh an t-údarás inniúil a d'ullmhaigh an tuarascáil fíorúcháin ***na hagóidí réasúnaithe ar fáil go poiblí*** gan moill mhíchuí. |

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás ***Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás')***, dréachtchinneadh a ullmhú lena ndearbhófar ***cé acu is*** planda TGN de chatagóir 1 é an planda TGN ***nó nach é*** laistigh de 45 lá oibre ó dháta faighte na ***barúla (na mbarúlacha)***, agus ***an méid is deireanaí atá luaite á chur*** san áireamh. Glacfar an cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28(2). | 10. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás, dréachtchinneadh a ullmhú lena ndearbhófar ***an*** planda TGN de chatagóir 1 é an planda TGN laistigh de 45 lá oibre ó dháta faighte na ***n-agóidí réasúnaithe***, agus ***na hagóidí sin á gcur*** san áireamh. Glacfar an cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28(2). |

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a*** |

***ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh maidir leis an méid seo a leanas:***

***(a) an fhaisnéis atá de dhíth chun a léiriú gur planda TGN é planda;***

***(b) na hiarrataí ar fhíorú dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 a ullmhú agus a thíolacadh.***

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) ainmníocht an chineáil;*** |

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar an tréith/na tréithe agus ar na saintréithe a tugadh isteach nó a modhnaíodh; | (c) tuairisc ar an tréith/na tréithe agus ar na saintréithe a tugadh isteach nó a modhnaíodh ***lena n-áirítear faisnéis maidir leis an teicníc nó na teicnící a úsáideadh chun an tréith nó na tréithe a bhaint amach agus maidir le nochtadh sheicheamh an ghéinmhodhnaithe***; |

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Foilseoidh an Coimisiún ***achoimre ar an gcinneadh*** in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. | 7. Foilseoidh an Coimisiún ***an cinneadh deiridh*** in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ***agus foilseoidh sé, ar leathanach gréasáin tiomnaithe a bheidh ar fáil go poiblí, a dhréachtchinneadh agus na hagóidí réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 6***. |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ainmníocht phlanda TGN de chatagóir 1; | (b) ainmníocht ***agus sonraíocht an*** phlanda TGN de chatagóir 1; |

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) ainmníocht an chineáil;*** |

**Leasú 53**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 2 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) má sholáthraítear iad, tuairim nó ráiteas EFSA, dá dtagraítear in Airteagal 6(10) agus in Airteagal 7(5); agus*** |

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfear an bunachar sonraí ar fáil go poiblí. | 2. Cuirfear an bunachar sonraí ar fáil go poiblí***, agus i bhformáid ar líne***. |

**Leasú 55**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Ábhar atáirgthe plandaí, lena n-áirítear ábhar chun críoch pórúcháin agus eolaíochta, ina bhfuil nó atá comhdhéanta de ***phlanda/phlandaí*** TGN de chatagóir 1 agus a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe, ***cibé acu is*** ar íocaíocht nó saor in aisce ***é***, beidh lipéad air lena léireofar na focail 'TGN cat 1' ***[TGN de chatagóir 1]***, agus uimhir aitheantais an ***phlanda/na*** bplandaí TGN dá díorthaíodh é. | Ábhar atáirgthe plandaí, lena n-áirítear ábhar chun críoch pórúcháin agus eolaíochta, ina bhfuil nó atá comhdhéanta de ***phlanda*** TGN de chatagóir 1 ***nó phlandaí TGN de chatagóir 1*** agus a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe, ***bíodh sin*** ar íocaíocht nó saor in aisce, beidh lipéad ***agus tagairt do chlár cineálacha a tharchuirtear go huathoibríoch chuig clár coiteann an Aontais*** air lena léireofar na focail 'TGN cat 1', agus uimhir aitheantais an ***phlanda TGN nó na*** bplandaí TGN dá díorthaíodh é. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 16*** | ***scriosta*** |
| ***Lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 23*** | |
| ***Ina theannta Airteagal 19(3) de Threoir 2001/18/CE, sonrófar an lipéadú sa toiliú i scríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 23 den Rialachán seo.*** | |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh feidhm ag na dreasachtaí san Airteagal seo maidir le plandaí TGN de chatagóir 2 agus maidir le táirgí TGN de chatagóir 2 , i gcás ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de thréithe beartaithe an phlanda TGN a thugtar tríd an ngéinmhodhnú le fáil ***i gCuid 1 d'Iarscríbhinn III*** agus nach bhfuil aon tréith aige dá dtagraítear i gCuid 2 den Iarscríbhinn sin. | 1. Beidh feidhm ag na dreasachtaí san Airteagal seo maidir le plandaí TGN de chatagóir 2 agus maidir le táirgí TGN de chatagóir 2 , i gcás ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de thréithe beartaithe an phlanda TGN a thugtar tríd an ngéinmhodhnú le fáil ***in Airteagal 51(1) de Rialachán (AE/...)**** agus nach bhfuil aon tréith aige dá dtagraítear i gCuid 2 den Iarscríbhinn sin. |

__________________

**** Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí (COM/2023/414), (2023/0227(COD)).***

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Glacfaidh*** na Ballstáit bearta iomchuí chun láithreacht neamhbheartaithe ***plandaí*** de chatagóir 2 ***TGN*** a sheachaint i dtáirgí nach bhfuil faoi réir Threoir 2001/18 ná Rialachán 1829/2003. | ***Féadfaidh*** na Ballstáit bearta iomchuí ***a dhéanamh*** chun láithreacht neamhbheartaithe ***phlandaí TGN*** de chatagóir 2 a sheachaint i dtáirgí nach bhfuil faoi réir Threoir 2001/18 ná Rialachán 1829/2003***, ach amháin sa chás inar féidir plandaí TGN de chatagóir 2 a bhrath, a shainaithint agus a chainníochtú trí mhodhanna anailíseacha***. ***Ní bheidh feidhm ag na forálacha sin maidir le plandaí TGN de chatagóir 1 agus táirgí TGN de Chatagóir 1*** |

**Leasú 59**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5(3) agus in Airteagal 22(8) a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ***amhail*** ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, | 2. Déanfar an chumhacht chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5(3)***, in Airteagal 6(11a)*** agus in Airteagal 22(8) a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, |

| | |
|---|---|
| mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. | mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. |

**Leasú 60**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3) agus Airteagal 22(8) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta ***is*** déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3)***, in Airteagal 6(11a)*** agus ***in*** Airteagal 22(8) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta ***níos*** déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 61**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(3) agus Airteagal 22(8) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(3)***, Airteagal 6(11a)*** agus Airteagal 22(8) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na |

| | |
|---|---|
| | Comhairle. |

**Leasú 62**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) an fhaisnéis atá de dhíth chun a léiriú gur planda TGN é planda;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 63**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) na hiarrataí ar fhíorú dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 a ullmhú agus a thíolacadh;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Tabharfar aghaidh*** sa tuarascáil freisin ***ar*** aon saincheist ***eiticiúil a tháinig*** chun cinn ***agus an Rialachán seo á chur*** i bhfeidhm. | 2. ***Sainaithneofar*** sa tuarascáil freisin aon saincheist ***a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus le sláinte an chomhshaoil, sláinte an duine agus sláinte ainmhithe, athruithe ar chleachtais agranamaíocha chomh maith le saincheisteanna socheacnamaíocha agus eiticiúla a d'fhéadfadh teacht*** chun cinn ***le cur*** i bhfeidhm ***an Rialacháin seo, agus tabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin inti***. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Chun ***críoch*** an tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1, bunóidh an Coimisiún, faoin [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí, tar éis dul i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir le Treoir 2001/18/CE agus ***Rialachán*** (CE) Uimh. 1829/2003, clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin seo, bunaithe ar tháscairí. Sonrófar ann an ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit le linn dóibh na sonraí agus fianaise eile a bhailiú agus a anailísiú. | 3. Chun ***críche*** an tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1, bunóidh an Coimisiún, faoin [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí, tar éis dul i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát i gcomhréir le Treoir 2001/18/CE agus ***Rialachán*** (CE) Uimh. 1829/2003, clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin seo, bunaithe ar tháscairí***, lena n-áirítear na héifeachtaí beartaithe agus neamhbheartaithe agus na héifeachtaí córasacha ar an gcomhshaol, ar an mbithéagsúlacht agus ar éiceachórais***. Sonrófar ann an ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit le linn dóibh na sonraí agus fianaise eile a bhailiú agus a anailísiú. |

**Leasú 66**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Faoi mhí an Mheithimh 2025, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún maidir le ról agus tionchar na bpaitinní ar rochtain na bpóraitheoirí agus na bhfeirmeoirí ar ábhar éagsúil atáirgthe plandaí, agus an tionchar ar an nuálaíocht agus, go háirithe, ar dheiseanna do FBManna. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar cibé an bhfuil gá le tuilleadh forálacha dlíthiúla sa bhreis orthu sin dá bhforáiltear in Airteagal 4a agus in Airteagal 33a den Rialachán seo. I gcás inarb iomchuí chun rochtain na bpóraitheoirí agus na bhfeirmeoirí ar ábhar atáirgthe plandaí, ar éagsúlacht síolta agus ar phraghsanna inacmhainne a áirithiú, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil*** |

***chun aghaidh a thabhairt ar choigeartuithe riachtanacha breise sa chreat um chearta maoine intleachtúla.***

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5b. Faoi 2024, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún ina ndéanfar meastóireacht ar shainiúlachtaí agus ar riachtanais earnálacha eile nach gcumhdaítear faoin reachtaíocht seo, amhail miocrorgánaigh, lena n-áirítear togra le haghaidh gníomhaíochtaí beartais breise.*** |

**Leasú 68**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 5 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5c. Gach 4 bliana, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na critéir choibhéise atá leagtha síos in Iarscríbhinn I agus, i gcás inar gá, tabharfaidh sé cothrom le dáta iad trí ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5(3).*** |

**Leasú 69**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 a (nua)**
Treoir 98/44/CE
Airteagal 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

*Airteagal 33a*

***Leasuithe ar Threoir 98/44/CE[1a]***

***1. Leasaítear Airteagal 4 de Threoir 98/44/CE maidir le cosaint dlí aireagán bith-theicneolaíoch mar a leanas:***

***(a) I mír 1, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:***

***'(c) Plandaí TGN, ábhar plandaí, codanna díobh, faisnéis ghéiniteach agus gnéithe próisis atá iontu, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) .../... [I.O. cuir isteach uimhir an Rialacháin];***

***(d) plandaí, ábhar plandaí, codanna díobh, faisnéis ghéiniteach agus gnéithe próisis atá iontu is féidir a chur ar fáil trí theicnící atá eisiata ó raon feidhme Threoir 2001/18/CE mar a liostaítear in Iarscríbhinn I B a ghabhann leis an treoir sin.'***

***(b) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:***

***'4. Beidh mír 2 agus mír 3 gan dochar do na heisiaimh ó inphaitinneacht a chumhdaítear i mír 1.'***

---

***[1a] Treoir 98/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 1998 maidir le cosaint dlí aireagán bith-theicneolaíoch (IO L 213, 30.7.1998, lch. 13).***

**Leasú 70**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm aige ón [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | Beidh feidhm aige ón [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. ***Beidh feidhm ag Airteagal 4a agus Airteagal 33a ón dáta teacht i bhfeidhm.*** |

**Leasú 71**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Meastar planda TGN a bheith coibhéiseach le gnáthphlandaí ***i gcás ina mbíonn sé difriúil ón bplanda is faighteoir/tuismitheoir faoi 20 géinmhodhnú ar a mhéad de na cineálacha*** dá dtagraítear i bpointí 1 ***go 5, in aon seicheamh DNA a chomhroinneann cosúlacht seichimh leis an suíomh spriocdhírithe is féidir a thuar le huirlisí bithfhaisnéisíochta.*** | Meastar planda TGN a bheith coibhéiseach le gnáthphlandaí ***má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas*** dá dtagraítear i bpointí 1 ***agus 1a:*** |

**Leasú 72**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ***20 núicléitíd*** ar a ***mhéad a ionadú nó a ionsá;*** | (1) ***Ní mó líon na géinmhodhnuithe seo a leanas,*** ar ***féidir iad*** a ***chumasc lena chéile, ná 3 cinn in aghaidh aon seichimh phróitéin-chódaithe agus é a chur san áireamh go n-eisiatar sócháin in iontróin agus seichimh rialaitheacha ón teorainn sin:*** |
| | ***(a) 20 núicléitíd ar a mhéad a ionadú nó a ionsá;*** |
| | ***(b) líon ar bith núicléitídí a scriosadh;*** |

**Leasú 73**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Ní chruthaíonn na géinmhodhnuithe seo a leanas, ar féidir iad a chumasc lena chéile, próitéin chiméarach nach bhfuil i speicis ón linn géinte chun críoch pórúcháin agus nach gcuireann isteach ar ghéin inginiúil;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(a) seichimh DNA leanúnacha atá sa linn géinte chun críoch pórúcháin a ionsá;*** |
| | ***(b) seichimh DNA leanúnacha atá sa linn géinte chun críoch pórúcháin a chur in ionad seichimh DNA inginiúla;*** |
| | ***(c) seichimh DNA inginiúla leanúnacha atá sa linn géinte chun críoch pórúcháin a inbhéartú nó trasghluaiseacht a dhéanamh orthu.*** |

**Leasú 74**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(2) **líon ar bith núicléitídí a scriosadh;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 75**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(3) **ar choinníoll nach gcuireann an géinmhodhnú isteach ar ghéin inginiúil:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) seicheamh DNA tadhlach atá ann i linn géinte an phóraitheora a ionsá ar bhealach spriocdhírithe;*** | |
| ***(b) seicheamh DNA tadhlach atá ann i linn géinte an phóraitheora a chur in ionad seichimh DNA inginiúil ar bhealach spriocdhírithe;*** | |

**Leasú 76**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(4) **seicheamh ina bhfuil líon ar bith núicléitídí a inbhéartú ar bhealach spriocdhírithe;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 77**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(5) aon mhodhnú spriocdhírithe eile ar aon mhéid, ar choinníoll go dtarlaíonn na seichimh DNA a eascraíonn as cheana féin (d'fhéadfadh modhnuithe a bheith i gceist mar a ghlactar leis sin faoi phointí (1) agus/nó (2)) i speiceas ó linn géinte na bpóraitheoirí.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid 1 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) saintréithe an phlanda is faighteoir amhail ailléirgineacht, acmhainneacht i leith an tsreafa géine, acmhainneacht i leith fiailí, feidhm éiceolaíoch;*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid 2 – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Tionchair ar shaothrú orgánach*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Cuid 2 – pointe 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Éifeachtaí ar chosaint agus ar*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***chaomhnú na bithéagsúlachta*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – teideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tréithe dá dtagraítear in Airteagal 22 | Tréithe dá dtagraítear in ***Airteagal 6 agus in*** Airteagal 22 |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) táirgeacht, lena n-áirítear cobhsaíocht táirgeachta agus táirgeacht faoi dhálaí ionchuir ísil; | (1) táirgeacht, lena n-áirítear cobhsaíocht táirgeachta agus táirgeacht faoi dhálaí ionchuir ísil***, ar choinníoll go rannchuidíonn na tréithe sin freisin le pointe (2), (3) nó (4) den Iarscríbhinn seo***; |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) gá laghdaithe le hionchuir sheachtracha, amhail ***táirgí cosanta plandaí agus*** leasacháin. | (7) gá laghdaithe le hionchuir sheachtracha, amhail leasacháin***, mura dtagann sé salach ar Iarscríbhinn III, cuid 2***. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
|  | ***IARSCRÍBHINN IIIa*** |

***Measúnú sábháilteachta faoi dhíon***

***Meastar go bhfuil planda TGN de chatagóir 1 sábháilte más rud é, nuair a chuirtear i gcomparáid é le máthairphlanda neamh-mhodhnaithe an speicis chéanna, trí thurgnaimh theoranta, go gcuirtear fianaise ar fáil maidir leis an méid seo a leanas:***

***(1) go léirítear leis an seicheamhú géanóim iomlán agus leis an bpróifíliú nár modhnaíodh an fheidhm atá ag géin amháin nó níos mó leis na géinmhodhnuithe beartaithe agus neamhbheartaithe; agus***

***(2) go léirítear leis an seicheamhú tras-scríofóim iomlán a rinneadh ar an gcuid ábhartha den phlanda nach ndearnadh conairí bithcheimiceacha a mhodhnú go díobhálach leis na géinmhodhnuithe beartaithe agus neamhbheartaithe, as a n-eascraíonn iarmhairtí díobhálacha comhdhéanaimh go háirithe, arna fhíorú mar shampla trí anailís ointeolaíochta géine; agus***

***(3) go léiríonn próifíliú meitibilíte bithcheimicí (meitibilíteamaíocht) agus próifíliú próitéine (próitéamaíocht) a baineadh amach ar an gcuid ábhartha den phlanda nár tháinig méadú ar na leibhéil tocsainí ná ailléirginí aitheanta agus nár tháirg an planda bithcheimiceáin ná próitéiní núíosacha tocsaineacha ná ailléirgineacha, seachas na cinn arna lorg agus arna dtástáil, mar gheall ar na géinmhodhnuithe beartaithe agus neamhbheartaithe.***

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Cuireann teicnící géanómaíocha nua (TGNanna) deiseanna nach bhfacthas roimhe seo ar fáil do thalmhaíocht agus do tháirgeadh bia Eorpach. Cuireann na teicnící seo ar ár gcumas ábhair ghéiniteacha orgánaigh áirithe a athrú lena soláthraítear forbairt thapa ar chineálacha éagsúla plandaí a bhfuil saintréithe áirithe acu. Níl TGNanna teoranta do theicníc shonrach amháin ach is grúpa teicnící éagsúla iad ar féidir leo cur le modhnú níos saincheaptha ar an ngéanóm i gcomparáid le gnáthphórú planda. D'fhéadfaí gurbh fhéidir nó nárbh fhéidir an modhnú a baineadh amach ar an ngéanóm a tháirgeadh go nádúrtha nó a fháil trí ghnáth-theicnící pórúcháin.

Tá sé de chumas ag teicneolaíochtaí nuálacha amhail CRISPR/Cas9, ar bronnadh Duais Nobel sa Cheimic air in 2020, pórú plandaí a fheabhsú trí bharra éagsúla a neartú trí athruithe níos spriocdhírithe a dhéanamh agus gan gá aon rud nua a chur leis an gcomhdhéanamh géiniteach den bharr.

Dá bhrí sin, tá sé de chumas ag TGNanna feabhas a chur ar an talmhaíocht trí bharra a dhéanamh níos athléimní agus níos inbhuanaithe. I bhfianaise a gcostas íseal oibriúcháin agus iontrála, d'fhéadfadh na teicnící sin rannchuidiú freisin le beartas trádála agus iomaíochas an Aontais a fheabhsú.

Ar an drochuair, ní féidir leis an Aontas Eorpach leas a bhaint as an acmhainneacht sin faoi láthair.

I mbreithiúnas uaithi an 25 Iúil 2018, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach féidir Treoir 2001/18 a léirmhíniú sa chaoi is go n-eisiatar óna raon feidhme orgánaigh ghéinmhodhnaithe ('OGManna') a fuarthas trí bhíthin teicnící nua áirithe.

Is suntasach an impleacht phraiticiúil a bhaineann leis sin, ós rud é nár tugadh TGNanna isteach laistigh den Aontas go fóill.

De réir mar a bhain an Coimisiún Eorpach de thátal i staidéar a cuireadh i gcrích an 30 Aibreán 2021 arna iarraidh sin don Chomhairle an 8 Samhain 2019, ba cheart reachtaíocht an Aontais a oiriúnú i gcomhréir leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil sa réimse sin.

Tá reachtaíocht nua agus oiriúnaithe riachtanach chun úsáid na dteicnící nua sin a chumasú. Tá sé ríthábhachtach ceanglais maidir le measúnú riosca agus nósanna imeachta údarúcháin leormhaithe a bheith ann chun a áirithiú gur féidir táirgí plandaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann a thabhairt isteach laistigh den Aontas. Leis na ceanglais agus na próisis atá ann faoi láthair maidir le barra géinmhodhnaithe, ní féidir na teicnící nua ná táirgí plandaí éagsúla a chumasú.

Gan creat cumasúcháin i gcomhréir leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, leanann na fadhbanna sin de thionchar a imirt ar oibreoirí a ndéanann na rialacháin reatha difear dóibh ar fud an chórais agraibhia. Ní féidir le tomhaltóirí, feirmeoirí ná an earnáil nuálach tairbhe a bhaint as TGNanna faoi láthair.

In éagmais creat rialála nua-aimseartha san Aontas, tá tíortha eile ar domhan tar éis tabhairt faoi bhearta cheana féin chun úsáid TGNanna a chumasú. Dá bhrí sin, tá an baol ann go

dtitfidh an tAontas chun deiridh san iomaíochas agus sa taighde eolaíoch agus teicneolaíoch araon. Bheadh tionchar diúltach aige sin ar shábháilteacht bia na hEorpa agus ar an athléimneacht i dtáirgeadh bia na hEorpa.

**Cuspóirí agus mianta an dréacht-togra seo**

Tacaíonn an Rapóirtéir le cur chuige foriomlán an Choimisiúin Eorpaigh agus is geal léi a thogra chun rialachán nua a thabhairt isteach maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus maidir le bia agus beatha na bplandaí sin. Agus í á chur san áireamh nach bhfuil an creat rialála reatha i gcomhréir leis an bhforbairt eolaíoch agus theicneolaíoch is déanaí, is geal leis an Rapóirtéir an togra seo lena chuspóirí a leagtar amach sa straitéis sábháilteachta bia 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'. Tá an togra ag teacht leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus leis an aidhm atá aige talmhaíocht agus táirgeadh bia na hEorpa a chlaochlú i dtreo na hinbhuanaitheachta agus iomaíochas na hEorpa a neartú.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, is measa fós an staid maidir le talmhaíocht agus táirgeadh bia na hEorpa toisc gur léiríodh spleáchas an Aontais ar ionchuir chriticiúla sheachtracha le haghaidh na talmhaíochta.
Cé go gcreideann an Rapóirtéir gur túsphointe láidir é an togra ón gCoimisiún, creideann sí go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe agus nithe breise a chur leis chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as na teicnící.

**Soiléiriú agus feabhsú na gcritéar le haghaidh plandaí TGN 1**

Tá an Rapóirtéir den tuairim gur cheart na forálacha a bhaineann le catagóir 1 (TGN 1) a fheabhsú tuilleadh. Creideann sí gur cheart na critéir in Iarscríbhinn I lena sainítear planda TGN 1 a shoiléiriú agus a fheabhsú tuilleadh. Molann an Coimisiún tairseach de 20 athrú géinmhodhnaithe nach féidir a shárú dá saineofaí planda mar TGN 1.

Maidir leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I le teacht faoi TGN 1: ba cheart an tairseach de 20 athrú géinmhodhnaithe a shonrú trína áirithiú nach mór gach athrú ar phlanda agus/nó ar bharr a bheith i gcoibhneas leis an stádas plóideachta sa bharr. Más rud é, mar shampla, go bhfuil dúbailt crómasóim ag planda agus go ndéanann modhnú amháin dhá athrú *de facto*, is féidir le 10 modhnú suas le 20 athrú féideartha a dhéanamh cheana féin. Bheadh an baol ann go rachadh sé sin thar a chuspóir. Ní mór an t-athrú ar leith i mbarr nó i bplanda a bheith bunaithe ar aon chóip amháin de ghéin.

**Feirmeoireacht orgánach**

Creideann an Rapóirtéir freisin gur cheart TGNanna a cheadú agus a chumasú san fheirmeoireacht orgánach. Is é is cuspóir leis an dréacht-tuarascáil seo ná a áirithiú gur féidir le haon oibreoir na teicnící a úsáid gan idirdhealú. **Dá bhrí sin, cuirtear deireadh leis an toirmeasc atá beartaithe ag an gCoimisiún ar úsáid na dteicnící san fheirmeoireacht orgánach chun cothrom iomaíochta a áirithiú gan an teicníc a fhorchur ar aon oibreoir.**

Ba cheart go n-áiritheofaí leis an togra go mbeadh rochtain ag gach oibreoir ar na

teicneolaíochtaí nua sin. Tá an tsaoirse rogha riachtanach d'oibreoirí agus ba cheart an teicníc a bheith ar fáil i gcónaí.

**Próisis fíorúcháin eolaíochtbhunaithe a áirithiú**

Leis an rialachán atá beartaithe, tugtar isteach freisin nósanna imeachta fíorúcháin le haghaidh TGN 1 sula scaoiltear plandaí don chatagóir seo d'aon ghnó. Creideann an Rapóirtéir go bhfuil sé sin tábhachtach chun a áirithiú go gcomhlíonfar an rialachán go hiomlán. **Creideann sí, áfach, gur cheart go mbeadh an próiseas fíorúcháin ina chúram don údarás inniúil i mBallstát a gcuirtear an t-iarratas isteach faoina bhráid agus nár cheart go mbeadh Ballstáit eile in ann agóid a dhéanamh i gcoinne cinneadh áirithe formheasa gan agóid réasúnaithe.**

Ba cheart an próiseas fíoraithe a bheith bunaithe ar na critéir atá formheasta go heolaíoch, a leagtar amach san iarscríbhinn lena sainítear planda de chatagóir 1 agus, i gcás inarb iomchuí, i ndlúthchomhairle leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia.

**Inrianaitheacht agus lipéadú**

Maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú plandaí TGN 1, tacaíonn an Rapóirtéir leis an togra ón gCoimisiún trí fhaisnéis faoi úsáid TGNanna a chur ar fáil go poiblí sa bhunachar sonraí poiblí atá beartaithe. Áirithítear leis sin trédhearcacht agus rogha do thomhaltóirí. **Mar sin féin, ní thacaíonn an Rapóirtéir le lipéadú málaí síl le haghaidh plandaí TGN de chineál gnáthphlanda atá fíoraithe toisc go mbeadh sé sin idirdhealaitheach.** Ba cheart caitheamh le plandaí TGN de chineál gnáthphlanda ar an ngnáthbhealach; tá an ceanglas breise seo ag cruthú idirdhealuithe gan réasúnú agus ualach riaracháin

**Paitinní agus inphaitinneacht**

Tugann an Rapóirtéir dá haire freisin go bhfuil ábhair imní curtha in iúl maidir leis an bpaitinn ar TGNanna ag póraitheoirí agus ag feirmeoirí. Creideann an Rapóirtéir gur cheart é sin a rialú i rialacháin ar leithligh atá ann cheana, áit a bhfuil siad á rialú faoi láthair, ionas nach rachadh an togra seo thar a raon feidhme. Dá bhrí sin, tacaíonn an Rapóirtéir leis an gcur chuige atá molta ag an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar bhonn rialta agus tuarascáil a thíolacadh maidir leis an dóigh aghaidh chun a thabhairt air sin tar éis don reachtaíocht oibriú go maith i gcleachtas chun a mheas an bhfuil teicníc in ann a bheith inphaitinnithe.

Tá inniúlachtaí comhroinnte ag an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (AGRI) maidir le roinnt forálacha de bhun Riail 57 leis an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) freisin. Dá bhrí sin, tá an Rapóirtéir tiomanta do bheith ag obair go cuiditheach leis an rapóirtéir ó Choiste AGRI chun togra maith agus cothrom a aimsiú le haghaidh na dteicnící sin.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA EINTITEAS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas in ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Euroseeds |
| KRAV Ekonomisk Förening |
| KWS SAAT SE & Co. KGaA |
| European Commission: DG Sante |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

## SEASAMH MIONLAIGH

de bhun Riail 55(4) de na Rialacha Nós Imeachta
Christophe Clergeau, Martin Häusling agus Anja Hazekamp

Trí TGNanna de chatagóir 1, arb é formhór mór na TGNanna iad, a dhíolmhú ó mheasúnú riosca OGM, ó fhaireachán, ó inrianaitheacht agus ó lipéadú tomhaltóirí, ní urramaíonn an Coimisiún cearta tomhaltóirí chomh maith le prionsabal an réamhchúraim, arna leagan síos in CFAE. Ina theannta sin, níl aon bhunús eolaíoch mar bhonn leis na critéir in Iarscríbhinn I, lena sainítear an gcomhlíonann TGN na critéir chun bheith 'coibhéiseach' le gnáthphlandaí. Níl aon bhaint ag na critéir leis an tsábháilteacht, agus dá bhrí sin níl aon ráthaíocht ann go mbeidh leibhéal níos ísle riosca do shláinte an duine agus don chomhshaol ag plandaí géinmhodhnaithe a chomhlíonann na critéir. Déantar neamhaird sa togra ón gCoimisiún ar ghnéithe a bhaineann le cómhaireachtáil leis an táirgeadh orgánach agus leis an gnáth-tháirgeadh. Ar deireadh, ní thugann na tairbhí líomhnaithe a bhaineann le TGNanna údar le táirgí TGN a eisiamh ó na rialacha maidir le OGManna atá ann cheana agus ní chuirfidh siad leis an aistriú cóir is gá sa talmhaíocht.

Ar an drochuair, cuireann na leasuithe comhréitigh a thíolaic an Rapóirtéir leis na fadhbanna sin tuilleadh. Ba mhaith linn ár míshástacht a thaifeadadh maidir leis an amlíne thar a bheith docht a cuireadh i bhfeidhm ar an sainchomhad seo, rud a d'fhág nárbh fhéidir tuairimí eolaíocha éagsúla a mheas agus a phlé go leordhóthanach, go háirithe leis an méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist le critéir chuí do TGN de chatagóir 1.

13.12.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia
ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Veronika Vrecionová

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící ***géanómaíocha nua*** áirithe agus a mbia agus a mbeatha, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625<br>(Téacs atá ábhartha maidir le LEE) | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící ***beacht phórúcháin*** áirithe agus a mbia agus a mbeatha, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 ***agus Treoir 98/44/CE*** (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Ó 2001, nuair a glacadh Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]), maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe (OGManna) isteach sa chomhshaol sa chomhshaol, d'fhág dul chun cinn suntasach sa bhith-theicneolaíocht gur forbraíodh teicnící géanómaíocha nua (TGNanna), go nótáilte teicnící modhnaithe géanóim lena gcumasaítear athruithe a dhéanamh ar an ngéanóm ag suíomhanna ***beachta***. | (1) Ó 2001, nuair a glacadh Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]), maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe (OGManna) isteach sa chomhshaol sa chomhshaol, d'fhág dul chun cinn suntasach sa bhith-theicneolaíocht gur forbraíodh teicnící géanómaíocha nua (TGNanna), go nótáilte teicnící modhnaithe géanóim lena gcumasaítear athruithe a dhéanamh ar an ngéanóm ag suíomhanna ***spriocdhírithe***. |
| [32] Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe isteach sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1). | [32] Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe isteach sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1). |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Is éard is TGNanna ann grúpa éagsúil de theicnící géanómaíocha, agus is féidir gach ceann díobh a úsáid ar bhealaí éagsúla chun torthaí agus táirgí difriúla a bhaint amach. D'fhéadfadh orgánaigh eascairt astu ina bhfuil modhnuithe atá coibhéiseach leis an méid is féidir a fháil trí ghnáthmhodhanna pórúcháin nó in orgánaigh ina bhfuil modhnuithe níos casta. I measc TGNanna, tugann an só-ghineas spriocdhírithe agus an cisgineas (lena n-áirítear an t-inghineas) géinmhodhnuithe gan ábhar géiniteach ó speicis neamh-intrasnaithe a ionsá (trasghineas). Is ar linn géinte na bpóraitheoirí a bhraitheann na teicnící sin, | (2) Is éard is TGNanna ann grúpa éagsúil de theicnící géanómaíocha, agus is féidir gach ceann díobh a úsáid ar bhealaí éagsúla chun torthaí agus táirgí difriúla a bhaint amach. D'fhéadfadh orgánaigh eascairt astu ina bhfuil modhnuithe atá coibhéiseach leis an méid is féidir a fháil trí ghnáthmhodhanna pórúcháin nó in orgánaigh ina bhfuil modhnuithe níos casta. I measc TGNanna, tugann an só-ghineas spriocdhírithe agus an cisgineas (lena n-áirítear an t-inghineas) géinmhodhnuithe gan ábhar géiniteach ó speicis neamh-intrasnaithe a ionsá (trasghineas). Is ar linn géinte na bpóraitheoirí a bhraitheann na teicnící sin, |

| | |
|---|---|
| agus uirthi sin amháin, i.e. an fhaisnéis ghéiniteach iomlán atá ar fáil le haghaidh an ghnáthphórúcháin lena n-áirítear faisnéis ghéiniteach ó speicis plandaí a bhfuil gaol i bhfad amach eatarthu agus ar féidir iad a chrosphórú le teicnící pórúcháin ardfhorbartha. Tarlaíonn modhnú/modhnuithe ar an seicheamh DNA ag suíomhanna ***beachta*** i ngéanóm orgánaigh de thoradh teicnící só-ghinis spriocdhírithe. De thoradh teicnící cisginis, ionsáitear, i ngéanóm orgánaigh, ábhar géiniteach atá i linn géinte na bpóraitheoirí cheana féin. Is éard is inghineas ann fothacar den chisgineas a fhágann go n-ionsáitear sa ghéanóm cóip atheagraithe d'ábhar géiniteach atá comhdhéanta de dhá sheicheamh DNA nó níos mó atá i linn géinte na bpóraitheoirí cheana féin. | agus uirthi sin amháin, i.e. an fhaisnéis ghéiniteach iomlán atá ar fáil le haghaidh an ghnáthphórúcháin lena n-áirítear faisnéis ghéiniteach ó speicis plandaí a bhfuil gaol i bhfad amach eatarthu agus ar féidir iad a chrosphórú le teicnící pórúcháin ardfhorbartha. Tarlaíonn modhnú/modhnuithe ar an seicheamh DNA ag suíomhanna ***spriocdhírithe*** i ngéanóm orgánaigh de thoradh teicnící só-ghinis spriocdhírithe. De thoradh teicnící cisginis, ionsáitear, i ngéanóm orgánaigh, ábhar géiniteach atá i linn géinte na bpóraitheoirí cheana féin. Is éard is inghineas ann fothacar den chisgineas a fhágann go n-ionsáitear sa ghéanóm cóip atheagraithe d'ábhar géiniteach atá comhdhéanta de dhá sheicheamh DNA nó níos mó atá i linn géinte na bpóraitheoirí cheana féin. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Dá bhrí sin, ***is gá creat dlíthiúil sonrach a ghlacadh le haghaidh OGManna*** a fhaightear trí shó-ghineas spriocdhírithe agus cisgineas agus le haghaidh táirgí ***gaolmhara*** i ***gcás ina scaoiltear iad sa chomhshaol ar bhonn réamhbheartaithe nó i gcás ina gcuirtear*** ar an ***margadh iad***. | (8) Dá bhrí sin, ***níor cheart plandaí agus táirgí TGN de chatagóir 1*** a fhaightear trí shó-ghineas spriocdhírithe agus cisgineas agus ***táirgí gaolmhara a bheith faoi réir rialacha agus cheanglais reachtaíocht an Aontais maidir le OGM ná faoi fhorálacha i reachtaíocht eile an Aontais ag a bhfuil feidhm maidir le OGManna. Ba cheart só-ghineas spriocdhírithe agus cisgineas le haghaidh plandaí agus táirgí TGN de chatagóir 1 a fháil a bheith díolmhaithe i dTreoir 2001/18/CE Iarscríbhinn 1 B amhail comhleá só-ghinis agus cille. Tá gá le hathbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an gcur chuige chun coibhéis le gnáthmhodhanna pórúcháin a shuí chun an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch a léiriú.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) De réir an eolais theicniúil agus eolaíoch atá ann faoi láthair, go háirithe maidir le gnéithe sábháilteachta, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le OGManna ar plandaí iad, i.e. orgánaigh sna grúpaí tacsanomaíocha Archaeplastida nó Phaeophyceae***, seachas miocrorgánaigh, fungais ná ainmhithe dá bhfuil*** an t-eolas atá ar fáil ***níos teoranta***. Ar an gcúis chéanna, níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo ach plandaí a fhaightear le TGNanna áirithe: an só-ghineas spriocdhírithe agus an cisgineas (lena n-áirítear an t-inghineas) (dá ngairtear 'plandaí TGN' anseo feasta), ach gan plandaí a fhaightear le teicnící géanómaíocha nua eile a chumhdach. Níl ábhar géiniteach ó speicis neamh-intrasnaithe sna plandaí TGN sin. OGManna a tháirgtear trí theicnící géanómaíocha nua eile lena dtugtar ábhar géiniteach ó speiceas neamh-intrasnaithe isteach in ábhar géiniteach orgánaigh ó (trasghineas), ba cheart gan iad a bheith faoi réir ach reachtaíocht an Aontais maidir le OGM agus faoina réir sin amháin, i bhfianaise go bhféadfadh rioscaí sonracha a bhaineann leis an trasghineas sna plandaí a bheadh ann de thoradh na dteicnící sin. Thairis sin, ***níl aon léiriú ann gur gá na ceanglais, atá i bhfeidhm faoi láthair i reachtaíocht*** an ***Aontais maidir le OGM le haghaidh OGManna*** a ***fhaightear trí thrasghineas, a oiriúnú faoi láthair***. | (9) De réir an eolais theicniúil agus eolaíoch atá ann faoi láthair, go háirithe maidir le gnéithe sábháilteachta, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le OGManna ar plandaí iad, i.e. orgánaigh sna grúpaí tacsanomaíocha Archaeplastida nó Phaeophyceae***. D'orgánaigh eile amhail miocrorgánaigh, déanfar*** an t-eolas atá ar fáil ***a athbhreithniú i bhfianaise togra amach anseo***. Ar an gcúis chéanna, níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo ach plandaí a fhaightear le TGNanna áirithe: an só-ghineas spriocdhírithe agus an cisgineas (lena n-áirítear an t-inghineas) (dá ngairtear 'plandaí TGN' anseo feasta), ach gan plandaí a fhaightear le teicnící géanómaíocha nua eile a chumhdach. Níl ábhar géiniteach ó speicis neamh-intrasnaithe sna plandaí TGN sin. OGManna a tháirgtear trí theicnící géanómaíocha nua eile lena dtugtar ábhar géiniteach ó speiceas neamh-intrasnaithe isteach in ábhar géiniteach orgánaigh ó (trasghineas), ba cheart gan iad a bheith faoi réir ach reachtaíocht an Aontais maidir le OGM agus faoina réir sin amháin, i bhfianaise go bhféadfadh rioscaí sonracha a bhaineann leis an trasghineas sna plandaí a bheadh ann de thoradh na dteicnící sin. Thairis sin, ***ba cheart an reachtaíocht níos leithne maidir le OGM a imscrúdú i bhfianaise chonclúid*** an ***Choimisiúin nach bhfuil sí oiriúnach a thuilleadh chun*** a ***áirithiú go bhfuil na riachtanais eolaíochtbhunaithe agus comhréireach leis an riosca***. |

*Réasúnú*

*Tugtar dá aire sa Mheabhrán Míniúcháin, 'Tá riosca ann go ndéanfar an tAontas a eisiamh go mór ó na forbairtí teicneolaíocha agus ó na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus*

*comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr na dteicneolaíochtaí nua sin, mura bhfuil a chreat OGM curtha in oiriúint do TGNanna. Dá réir sin, bheadh níos lú uathriail straitéiseach ag an Aontas mar thoradh air sin. Dá bhrí sin, ba cheart creat rialála an Aontais a oiriúnú chun TGNanna a chur faoi réir an leibhéil iomchuí formhaoirseachta rialála.' Tá sé ábhartha dá bhrí sin reachtaíocht chomhchosúil a dhéanamh i leith miocrorgánach.*

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Plandaí TGN a d'fhéadfaí a fháil go nádúrtha nó a tháirgeadh trí ghnáth-theicnící pórúcháin agus a ***sliocht a fhaightear trí ghnáth-theicnící pórúcháin*** ('Plandaí TGN de chatagóir 1'), ba cheart iad a láimhseáil mar phlandaí a fuarthas go nádúrtha nó a táirgeadh trí ghnáth-theicnící pórúcháin, i bhfianaise go mbíonn siad coibhéiseach agus go mbíonn a rioscaí inchomparáide, rud a bheidh ina mhaolú iomlán ar reachtaíocht an Aontais maidir le OGM agus ó cheanglais ghaolmhara maidir le OGM i reachtaíocht earnálach. Chun an deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart na critéir a leagan amach leis an Rialachán seo chun fionnadh má tá planda TGN coibhéiseach le plandaí a fhaightear go nádúrtha nó a phóraítear mar is gnáth agus nós imeachta a leagan síos le haghaidh údaráis inniúla chun comhlíonadh na gcritéar sin a fhíorú agus cinneadh a dhéanamh ina leith, sular scaoilfear nó sula gcuirfear plandaí TGN nó táirgí TGN ar an margadh. Ba cheart na critéir sin a bheith oibiachtúil agus bunaithe ar an eolaíocht. Ba cheart cineál agus fairsinge na ngéinmhodhnuithe, is féidir a fheiceáil sa dúlra nó in orgánaigh a fhaightear le gnáth-theicnící pórúcháin, a chumhdach leis na critéir sin agus ba cheart tairseacha a áireamh leo le haghaidh idir mhéid agus líon na ngéinmhodhnuithe ar ghéanóim phlandaí TGN. Ós rud é go dtagann | (14) Plandaí TGN a d'fhéadfaí a fháil go nádúrtha nó a tháirgeadh trí ghnáth-theicnící pórúcháin agus a ***síolrach*** ('plandaí TGN de chatagóir 1'), ba cheart iad a láimhseáil mar phlandaí a fuarthas go nádúrtha nó a táirgeadh trí ghnáth-theicnící pórúcháin, i bhfianaise go mbíonn siad coibhéiseach agus go mbíonn a rioscaí inchomparáide, rud a bheidh ina mhaolú iomlán ar reachtaíocht an Aontais maidir le OGM agus ó cheanglais ghaolmhara maidir le OGM i reachtaíocht earnálach. Chun an deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart na critéir a leagan amach leis an Rialachán seo chun fionnadh má tá planda TGN coibhéiseach le plandaí a fhaightear go nádúrtha nó a phóraítear mar is gnáth agus nós imeachta a leagan síos le haghaidh údaráis inniúla chun comhlíonadh na gcritéar sin a fhíorú agus cinneadh a dhéanamh ina leith, sular scaoilfear nó sula gcuirfear plandaí TGN nó táirgí TGN ar an margadh. Ba cheart na critéir sin a bheith oibiachtúil agus bunaithe ar an eolaíocht. Ba cheart cineál agus fairsinge na ngéinmhodhnuithe, is féidir a fheiceáil sa dúlra nó in orgánaigh a fhaightear le gnáth-theicnící pórúcháin, a chumhdach leis na critéir sin agus ba cheart tairseacha a áireamh leo le haghaidh idir mhéid agus líon na ngéinmhodhnuithe ar ghéanóim plandaí TGN. Ós rud é go dtagann forbairt mhear ar an eolas teicniúil agus eolaíoch sa |

| | |
|---|---|
| forbairt mhear ar an eolas teicniúil agus eolaíoch sa réimse sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun na critéir sin a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a mhéid a bhaineann le cineál agus le ***fairsinge*** na ngéinmhodhnuithe is féidir a fháil sa dúlra nó tríd an ngnáthphórú. | réimse sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun na critéir sin a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a mhéid a bhaineann le cineál***, le fairsinge, le toisí*** agus le ***líon*** na ngéinmhodhnuithe is féidir a fháil sa dúlra nó tríd an ngnáthphórú. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ***Níor cheart*** plandaí agus táirgí TGN de Chatagóir 1 ***a bheith*** faoi réir rialacha agus cheanglais reachtaíocht an Aontais maidir le OGM ná faoi fhorálacha i reachtaíocht eile an Aontais ag a bhfuil feidhm maidir le OGManna. Ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh oibreoirí agus leis an trédhearcacht, ba cheart dearbhú maidir le stádas phlanda TGN de chatagóir 1 a fháil roimh an scaoileadh réamhbheartaithe, agus cur an phlanda ar an margadh san áireamh. | (16) ***Ní mór nach mbeadh*** plandaí agus táirgí TGN de chatagóir 1 faoi réir rialacha agus cheanglais reachtaíocht an Aontais maidir le OGM ná faoi fhorálacha i reachtaíocht eile an Aontais ag a bhfuil feidhm maidir le OGManna. Ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh oibreoirí agus leis an trédhearcacht, ba cheart dearbhú maidir le stádas planda TGN de chatagóir 1 a fháil roimh an scaoileadh réamhbheartaithe, agus cur an phlanda ar an margadh san áireamh. ***Ba cheart plandaí TGN a d'fhéadfaí a fháil go nádúrtha nó a tháirgeadh trí ghnáth-theicnící pórúcháin agus a síolrach ('plandaí TGN de chatagóir 1'), ba cheart iad a láimhseáil mar phlandaí a fuarthas go nádúrtha nó a táirgeadh trí ghnáth-theicnící pórúcháin.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ós rud é go bhfuil na critéir, chun a | (18) Ós rud é go bhfuil na critéir, chun a |

| | |
|---|---|
| mheas go bhfuil planda TGN coibhéiseach le plandaí a fhaightear go nádúrtha nó a phóraítear mar is gnáth, neamhghaolmhar leis an gcineál gníomhaíochta lena bhfágtar gur gá scaoileadh réamhbheartaithe an phlanda TGN, dearbhú maidir le stádas phlanda TGN de chatagóir 1 a dhéantar sula scaoilfear ar bhonn réamhbheartaithe chun aon chríche eile é seachas lena chur ar an margadh i gcríoch an Aontais, ba cheart an dearbhú sin a bheith bailí freisin chun táirgí TGN gaolmhara a chur ar an margadh. I bhfianaise mhéid na neamhchinnteachta a bhíonn ann tráth na trialach allamuigh faoi cé acu a bhainfidh an táirge an margadh amach nó nach mbainfidh agus faoi rannphháirtíocht dhóchúil na n-oibreoirí beaga i scaoileadh den sórt sin, maidir leis an nós imeachta um stádas phlanda TGN de chatagóir 1 a fhíorú roimh thrialacha allamuigh, ba cheart d'údaráis náisiúnta inniúla an nós imeachta sin a dhéanamh toisc gur lú an t-ualach riaracháin a bheadh i gceist leis sin le haghaidh oibreoirí***, agus*** ba cheart ***cinneadh a dhéanamh ar leibhéal an Aontais amháin i gcás ina mbeidh barúlacha ag gabháil leis*** an ***tuarascáil fíorúcháin ó údaráis náisiúnta inniúla eile. I gcás ina gcuirfear an iarraidh ar fhíorú isteach sular gcuirfear táirgí TGN ar an margadh, ba cheart*** an ***nós imeachta a dhéanamh ar leibhéal an Aontais*** chun éifeachtacht an nós imeachta um fhíorú agus comhsheasmhacht na ndearbhuithe maidir le stádas phlanda TGN de chatagóir 1 a áirithiú. | mheas go bhfuil planda TGN coibhéiseach le plandaí a fhaightear go nádúrtha nó a phóraítear mar is gnáth, neamhghaolmhar leis an gcineál gníomhaíochta lena bhfágtar gur gá scaoileadh réamhbheartaithe an phlanda TGN, dearbhú maidir le stádas planda TGN de chatagóir 1 a dhéantar sula scaoilfear ar bhonn réamhbheartaithe chun aon chríche eile é seachas lena chur ar an margadh i gcríoch an Aontais, ba cheart an dearbhú sin a bheith bailí freisin chun táirgí TGN gaolmhara a chur ar an margadh. I bhfianaise mhéid na neamhchinnteachta a bhíonn ann tráth na trialach allamuigh faoi cé acu a bhainfidh an táirge an margadh amach nó nach mbainfidh agus faoi rannphháirtíocht dhóchúil na n-oibreoirí beaga i scaoileadh den sórt sin, maidir leis an nós imeachta um stádas planda TGN de chatagóir 1 a fhíorú roimh thrialacha allamuigh ***agus roimh tháirgí TGN a chur ar an margadh***, ba cheart d'údaráis náisiúnta inniúla an nós imeachta sin a dhéanamh toisc gur lú an t-ualach riaracháin a bheadh i gceist leis sin le haghaidh oibreoirí***.*** Ba cheart ***an nós imeachta um fhíorú maidir le stádas planda TGN de chatagóir 1 a dhéanamh ar*** an ***leibhéal náisiúnta bunaithe ar thuairim eolaíoch Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') má tá agóidí eolaíocha réasúnaithe ó Bhallstáit eile ann agus ar*** an ***gcúis sin amháin,*** chun éifeachtacht an nós imeachta um fhíorú agus comhsheasmhacht na ndearbhuithe maidir le stádas planda TGN de chatagóir 1 a áirithiú. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Cinntí a dhearbhóidh stádas phlanda TGN de chatagóir 1, ba cheart uimhir aitheantais a shannadh leo don | (21) Cinntí a dhearbhóidh stádas planda TGN de chatagóir 1, ba cheart uimhir aitheantais a shannadh leo don phlanda |

phlanda TGN lena mbaineann chun trédhearcacht agus inrianaitheacht na bplandaí sin a áirithiú nuair a ***liostaítear*** sa bhunachar sonraí iad ***agus chun ábhar atáirgthe plandaí a dhíorthaítear díobh*** a ***lipéadú***.

TGN lena mbaineann chun trédhearcacht agus inrianaitheacht na bplandaí sin a áirithiú nuair a ***liostófar*** sa bhunachar sonraí iad***. Áiritheofar san fhaisnéis a liostófar faisnéis ar an teicníc/na teicnící arna húsáid/arna n-úsáid chun an tréith/na tréithe a fháil.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([47]) ***toirmeasctar*** úsáid OGManna agus táirgí ó OGManna agus arna ndéanamh de OGManna sa táirgeadh orgánach. Sainmhíníonn sé OGManna chun críocha an Rialacháin sin faoi threoir Threoir 2001/18/CE, lena ndéantar OGManna***,*** a fuarthas trí na teicnící géinmhodhnaithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1.B de Threoir 2001/18/CE***,*** a eisiamh ón toirmeasc. Dá thoradh sin, ***toirmeascfar*** plandaí TGN de chatagóir 2 sa táirgeadh orgánach. ***Mar sin féin, is gá stádas phlandaí TGN de chatagóir 1 a shoiléiriú chun críoch táirgeadh orgánach. Tá úsáid na dteicnící géanómaíocha nua ar neamhréir faoi láthair le coincheap an táirgthe orgánaigh atá i Rialachán (CE) 2018/848 agus le dearcadh na dtomhaltóirí ar tháirgí orgánacha. Dá bhrí sin, ba cheart úsáid plandaí TGN de chatagóir 1 a thoirmeasc sa táirgeadh orgánach freisin***. | (23) Le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([47]) ***toirmisctear*** úsáid OGManna agus táirgí ó OGManna agus arna ndéanamh de OGManna sa táirgeadh orgánach. Sainmhíníonn sé OGManna chun críocha an Rialacháin sin faoi threoir Threoir 2001/18/CE, lena ndéantar OGManna a fuarthas trí na teicnící géinmhodhnaithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1.B de Threoir 2001/18/CE a eisiamh ón toirmeasc. Dá thoradh sin, ***toirmiscfear*** plandaí TGN de chatagóir 2 sa táirgeadh orgánach. ***Ba cheart úsáid*** phlandaí TGN de chatagóir 1 a shoiléiriú i Rialachán (***AE***) 2018/848. |
| [47] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha | [47] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha |

| | |
|---|---|
| agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1). | agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1). |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Ba cheart foráil a dhéanamh chun an trédhearcacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le húsáid cineálacha plandaí TGN de chatagóir 1, chun a áirithiú gur féidir le slabhraí táirgeachta ar mian leo fanacht saor ó TGNanna déanamh amhlaidh, agus iontaoibh an tomhaltóra a choimirciú dá réir. Plandaí TGN a fuair dearbhú maidir le stádas phlanda TGN de chatagóir 1***, ba cheart iad*** a ***liostú i mbunachar sonraí a bheidh ar fáil go poiblí. Chun an inrianaitheacht, an trédhearcacht*** agus ***an rogha a áirithiú le haghaidh oibreoirí, le linn taighde agus pórú plandaí***, ***i gcás ina mbeidh síol á dhíol le feirmeoirí nó ábhar atáirgthe plandaí á chur*** ar ***fáil do thriú páirtithe ar aon bhealach eile, ba cheart ábhar atáirgthe plandaí de phlandaí TGN de chatagóir 1*** a ***lipéadú mar TGN de chatagóir 1***. | (24) Ba cheart foráil a dhéanamh chun an trédhearcacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le húsáid cineálacha plandaí TGN de chatagóir 1, chun a áirithiú gur féidir le slabhraí táirgeachta ar mian leo fanacht saor ó TGNanna déanamh amhlaidh, agus iontaoibh an tomhaltóra a choimirciú dá réir. ***Ba cheart*** plandaí TGN a fuair dearbhú maidir le stádas planda TGN de chatagóir 1 a ***léiriú trína lua sna catalóga náisiúnta*** agus***/nó catalóg chomhchoiteann cineálacha de speicis de phlandaí talmhaíochta***, ***lena n-áirítear faisnéis*** ar ***an teicníc/na teicnící arna húsáid/arna n-úsáid chun an tréith/na tréithe*** a ***fháil***. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Tar éis do phlanda TGN de chatagóir 1 a bheith údaraithe go rathúil bunaithe ar chritéir eolaíocha, ba cheart an t-údarú a bheith bailí ar feadh tréimhse neamhtheoranta.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Ar chúiseanna na comhréireachta, tar éis ***don chéad athnuachan a bheith déanta ar an údarú***, ba cheart an t-údarú a bheith bailí ar feadh tréimhse neamhtheoranta, mura gcinntear a mhalairt tráth na hathnuachana sin ***de réir*** an ***mheasúnaithe*** riosca agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoin bplanda TGN lena mbaineann, faoi réir a athmheasúnaithe i gcás ina mbeidh fáil ar fhaisnéis nua. | (30) Ar chúiseanna na comhréireachta, tar éis ***athnuachan údarú planda TGN de chatagóir 1 den chéad uair***, ba cheart an t-údarú a bheith bailí ar feadh tréimhse neamhtheoranta, mura gcinntear a mhalairt tráth na hathnuachana sin ***bunaithe ar*** an ***measúnú*** riosca agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil faoin bplanda TGN ***de chatagóir 2*** lena mbaineann, faoi réir a athmheasúnaithe i gcás ina mbeidh fáil ar fhaisnéis nua. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Chun an trédhearcacht agus an fhaisnéis do thomhaltóirí a mhéadú, ***lipéadú táirgí TGN de chatagóir 2 mar OGM,*** ba cheart a cheadú d'oibreoirí an lipéadú ***sin*** a chomhlánú le faisnéis faoin tréith ***a dtugann an géinmhodhnú*** dóibh. Chun léirithe míthreoracha nó mearbhlacha a sheachaint, ba cheart moladh le haghaidh lipéadú den sórt sin a sholáthar san fhógra um thoiliú nó san iarratas ar údarú agus ba cheart é a shonrú sa toiliú nó sa chinneadh maidir le húdarú. | (32) Chun an trédhearcacht agus an fhaisnéis do thomhaltóirí a mhéadú, ba cheart a cheadú d'oibreoirí an lipéadú ***tháirgí TGN de chatagóir 2*** a chomhlánú le faisnéis faoin tréith ***tugtha*** dóibh. Chun léirithe míthreoracha nó mearbhlacha a sheachaint, ba cheart moladh le haghaidh lipéadú den sórt sin a sholáthar san fhógra um thoiliú nó san iarratas ar údarú agus ba cheart é a shonrú sa toiliú nó sa chinneadh maidir le húdarú. |

*Réasúnú*

*Níor cheart TGNanna a lipéadú mar OGManna, ach mar TGNanna.*

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(36) Póraítear plandaí luibhicídfhulangacha d'aon turas chun bheith fulangach ar luibhicídí, chun iad a shaothrú i gcomhcheangal le húsáid na luibhicídí sin. Más rud é nach ndéantar an saothrú sin faoi choinníollacha iomchuí, d'fhéadfadh fiailí teacht chun cinn dá thoradh sin a bheadh frithsheasmhach in aghaidh na luibhicídí sin, nó an gá cainníochtaí na luibhicídí a chuirtear i bhfeidhm a mhéadú, gan beann ar an teicníc phórúcháin. Ar an gcúis sin, níor cheart plandaí TGN ag a bhfuil tréithe luibhicídfhulangacha a bheith incháilithe do dhreasachtaí faoin gcreat seo. Mar sin féin, níor cheart bearta sonracha eile a dhéanamh leis an Rialachán seo maidir le plandaí TGN luibhicídfhulangacha, toisc go ndéantar na bearta sin go cothrománach sa [Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí san Aontas].*** | ***scriosta*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Chun plandaí TGN a chumasú chun rannchuidiú le cuspóirí inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais agus na Straitéisí 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus na Bithéagsúlachta, ba cheart saothrú na bplandaí TGN san Aontas a éascú. Éilíonn sé sin an intuarthacht le haghaidh póraitheoirí agus feirmeoirí a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht na plandaí sin a shaothrú san Aontas. Dá bhrí sin, an fhéidearthacht go bhféadfadh na Ballstáit bearta a dhéanamh lena ndéanfaí | (37) Chun plandaí TGN a chumasú chun rannchuidiú le cuspóirí inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais agus na Straitéisí 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus na Bithéagsúlachta, ba cheart saothrú na bplandaí TGN san Aontas a éascú. Éilíonn sé sin an intuarthacht le haghaidh póraitheoirí agus feirmeoirí a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht na plandaí sin a shaothrú san Aontas. Dá bhrí sin, an fhéidearthacht go bhféadfadh na Ballstáit bearta a dhéanamh lena ndéanfaí |

saothrú phlandaí TGN ***de chatagóir 2*** a shrianadh nó a thoirmeasc ina chríoch uile nó i gcuid di, rud a leagtar amach in Airteagal 26b de Threoir 2001/18/CE, dhéanfadh an fhéidearthacht sin dochar do na spriocanna sin.

saothrú phlandaí TGN a shrianadh nó a thoirmeasc ina chríoch uile nó i gcuid di, rud a leagtar amach in Airteagal 26b de Threoir 2001/18/CE, dhéanfadh an fhéidearthacht sin dochar do na spriocanna sin.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Na rialacha speisialta a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaineann leis an nós imeachta um údarú le haghaidh plandaí TGN de chatagóir 2, tá coinne leis go saothrófar tuilleadh plandaí TGN de chatagóir 2 san Aontas dá dtoradh i gcomparáid leis an staid go dtí seo faoi reachtaíocht an Aontais maidir le OGM atá i bhfeidhm faoi láthair. Fágann sé sin gur gá d'údaráis phoiblí na mBallstát bearta cómhaireachtála a shainiú chun leasanna tháirgeoirí gnáthphlandaí, plandaí orgánacha agus géinathraithe a chothromú agus leis sin, rogha idir cineálacha táirgthe difriúla a cheadú do tháirgeoirí, i gcomhréir le sprioc na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' go mbeidh 25 % den talamh talmhaíochta faoin bhfeirmeoireacht orgánach faoi 2030. | (38) Na rialacha speisialta a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaineann leis an nós imeachta um údarú le haghaidh plandaí TGN de chatagóir 2, tá coinne leis go saothrófar tuilleadh plandaí TGN de chatagóir 2 san Aontas dá dtoradh i gcomparáid leis an staid go dtí seo faoi reachtaíocht an Aontais maidir le OGM atá i bhfeidhm faoi láthair. Fágann sé sin gur gá d'údaráis phoiblí na mBallstát bearta cómhaireachtála a shainiú ***maidir le plandaí TGN de chatagóir 2*** chun leasanna tháirgeoirí gnáthphlandaí, plandaí orgánacha agus géinathraithe a chothromú agus leis sin, rogha idir cineálacha táirgthe difriúla a cheadú do tháirgeoirí, i gcomhréir le sprioc na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' go mbeidh 25 % den talamh talmhaíochta faoin bhfeirmeoireacht orgánach faoi 2030. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Chun an sprioc a bhaint amach maidir le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, ba cheart ***plandaí*** TGN agus ***táirgí gaolmhara tairbhiú den tsaorghluaiseacht earraí***, ar ***choinníoll go*** | (39) Chun an sprioc a bhaint amach maidir le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh ***agus saorghluaiseacht tháirgí plandaí TGN ar fud an Aontais*** a áirithiú, ba cheart ***scaoileadh*** |

***gcomhlíonann siad ceanglais dhlí eile*** an Aontais.

***réamhbheartaithe phlandaí*** TGN agus ***cur ar an margadh tháirgí TGN a bheith bunaithe ar na ceanglais chomhchuibhithe agus ar na nósanna imeachta comhchuibhithe atá leagtha síos sa Rialachán seo, as a dtiocfaidh glacadh cinnidh a bheadh infheidhme go haonfhoirmeach maidir le gach Ballstát. Níor cheart do na Ballstáit maolú go haontaobhach ar na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo ar bhealach a chuirfeadh srian, toirmeasc nó bac ar shaorghluaiseacht***, ar ***chur ar an margadh agus ar scaoileadh réamhbheartaithe phlandaí TGN nó táirgí gaolmhara laistigh de chríoch*** an Aontais.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) I bhfianaise úrnuacht TGNanna, beidh sé tábhachtach dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairt phlandaí agus táirgí TGN agus ar a láithreacht ar an margadh agus meastóireacht a dhéanamh ar aon tionchar a bheidh ag gabháil leo ar shláinte an duine agus ainmhithe, ar an gcomhshaol agus ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta. Ba cheart faisnéis a bhailiú go tráthrialta agus laistigh de 5 bliana tar éis ghlacadh an chéad chinneadh lena gceadófar scaoileadh réamhbheartaithe nó margú ***na bplandaí*** TGN ***nó na dtáirgí*** TGN san Aontas, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo chun an dul chun cinn arna dhéanamh i dtreo infhaighteacht ***na bplandaí*** TGN ina bhfuil na saintréithe nó na hairíonna sin ar mhargadh an Aontais a thomhas. | (40) I bhfianaise úrnuacht TGNanna, beidh sé tábhachtach dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairt phlandaí agus táirgí TGN ***de chatagóir 2*** agus ar a láithreacht ar an margadh agus meastóireacht a dhéanamh ar aon tionchar a bheidh ag gabháil leo ar shláinte an duine agus ainmhithe, ar an gcomhshaol agus ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta. Ba cheart faisnéis a bhailiú go tráthrialta agus laistigh de 5 bliana tar éis ghlacadh an chéad chinneadh lena gceadófar scaoileadh réamhbheartaithe nó margú ***phlandaí*** TGN ***de chatagóir 2 nó tháirgí*** TGN ***de chatagóir 2*** san Aontas, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo chun an dul chun cinn arna dhéanamh i dtreo infhaighteacht ***phlandaí*** TGN ***de chatagóir 2*** ina bhfuil na saintréithe nó na hairíonna sin ar mhargadh an Aontais a thomhas ***agus é mar aidhm leis an Rialachán a fheabhsú tuilleadh***. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(45 a) D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit gan paitinní ar ábhar bitheolaíoch a dheonú agus an tsaoirse chun oibriú agus an díolúine póraitheora i leith cineálacha a chosaint. Ba cheart a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ag póraitheoirí ar ábhar géiniteach phlandaí TGN, nach plandaí trasghéineacha iad de réir sainmhínithe. Is fearr is féidir rochtain ar ábhair ghéiniteacha a dhaingniú nuair a ídítear ceart sealbhóirí paitinne ar láimh an phóraitheora (díolúine póraitheora). Ós rud é nach ndéantar foráil sna forálacha reatha maidir le díolúine póraitheora iomláin i ndlí na bpaitinní, ba cheart a áirithiú nár cheart do phaitinní srian a chur ar phlandaí TGN a bheith á n-úsáid ag póraitheoirí agus ag feirmeoirí. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh na plandaí sin faoi réir reachtaíocht phaitinne, ach ba cheart dóibh, ar mhaithe le maoin intleachtúil a chosaint, a bheith faoi réir chóras na gceart maidir le cineálacha plandaí atá ag an gComhphobal (CPVR), mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle, lena gceadaítear úsáid na díolúine póraitheora. Dá bhrí sin, ba cheart plandaí TGN, a síol díorthaithe, a n-ábhar plandaí, ábhar géiniteach gaolmhar amhail géinte agus seichimh ghéinte, agus tréithe plandaí a eisiamh ó inphaitinneacht. Ba cheart an t-eisiamh ó inphaitinneacht a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach ar fud na reachtaíochta. Thairis sin, chun a sheachaint go ndeonófar paitinní nó gur féidir iarratais ar phaitinní a thíolacadh fad a chuirfí forálacha breise dlí maidir*** |

***leis an tsaincheist siar, ba cheart a áirithiú go n-eisiafar an t-ábhar plandaí ó inphaitinneacht ó lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Sa bhreis air sin, sa staidéar a fógraíodh a reáchtálfar go luath, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart aghaidh a thabhairt ar fhadhb níos leithne na bpaitinní a bheith á ndeonú, go díreach nó go hindíreach, maidir le hábhar plandaí in ainneoin iarrachtaí a rinneadh roimhe seo chun lúba ar lár a dhúnadh. Sa mheasúnú, ba cheart aghaidh a thabhairt go háirithe ar ról agus tionchar na bpaitinní ar rochtain na bpóraitheoirí agus na bhfeirmeoirí ar ábhar atáirgthe plandaí, ar éagsúlacht síolta agus ar phraghsanna inacmhainne, agus chomh maith leis sin ar an nuálaíocht agus go háirithe ar na deiseanna do FBManna. Ba cheart don Choimisiún a thuarascáil a thíolacadh tráth nach déanaí ná 2026, agus na tograí reachtacha iomchuí ag gabháil léi chun a áirithiú go ndéanfar tuilleadh athruithe riachtanacha ar an gcreat maidir le cearta maoine intleachtúla.***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(46 a) Ba cheart do na Ballstáit feachtais fhíorasacha faisnéise poiblí a eagrú maidir le sábháilteacht agus tairbhí plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua, agus béim ar leith á leagan ar phlandaí TGN de chatagóir 1. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit miotais agus míthuiscintí faoi theicnící nua géanómaíocha a dhíbirt chomh maith le cur i gcoinne na bréagaisnéise agus na mífhaisnéise faoin ábhar sin trí na feachtais faisnéise poiblí sin nó ar bhealaí eile. Ba cheart don*** |

| | |
|---|---|
| | ***Choimisiún cúnamh agus treoirlínte a chur ar fáil do na Ballstáit ina leith sin, arna iarraidh sin.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ciallaíonn 'planda TGN' planda ***géinmhodhnaithe*** a fhaightear trí shó-ghineas spriocdhírithe nó trí chisgineas, nó teaglaim díobh, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon ábhar géiniteach ann ar de thionscnamh lasmuigh ***de*** linn géinte ***na bpóraitheoirí*** é a d'fhéadfadh a bheith ionsáite go sealadach le linn fhorbairt an phlanda TGN; | (2) Ciallaíonn 'planda TGN' planda ***mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2016/2031 (1a)*** a fhaightear trí shó-ghineas spriocdhírithe nó trí chisgineas, nó teaglaim díobh, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon ábhar géiniteach ann ar de thionscnamh lasmuigh ***den*** linn géinte ***chun críoch pórúcháin*** é a d'fhéadfadh a bheith ionsáite go sealadach le linn fhorbairt an phlanda TGN;<br>__________________<br>***1a Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3, pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn 'só-ghineas spriocdhírithe' teicnící só-ghinis a dtarlaíonn modhnú (modhnuithe) ar an seicheamh DNA dá thoradh ag suíomhanna ***beachta*** i ngéanóm orgánaigh; | (4) ciallaíonn 'só-ghineas spriocdhírithe' teicnící só-ghinis a dtarlaíonn modhnú (modhnuithe) ar an seicheamh DNA dá thoradh ag suíomhanna ***spriocdhírithe*** i ngéanóm orgánaigh; |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3, pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ciallaíonn 'linn géinte ***na bpóraitheoirí'*** an fhaisnéis ghéiniteach iomlán a bhíonn ar fáil i speiceas amháin agus i speicis thacsanomaíocha eile lenar féidir é a chrosphórú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicnící ardfhorbartha amhail tarrtháil suthanna, polaplóideacht ionduchtaithe agus crosphóruithe eachtarshuímh; | (6) ciallaíonn 'linn géinte ***chun críoch pórúcháin'*** an fhaisnéis ghéiniteach iomlán a bhíonn ar fáil i speiceas amháin agus i speicis thacsanomaíocha eile lenar féidir é a chrosphórú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicnící ardfhorbartha amhail tarrtháil suthanna, polaplóideacht ionduchtaithe agus crosphóruithe eachtarshuímh; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) ciallaíonn 'polaplóideacht' gurb ann do níos mó ná dhá ghéanóm in aon chill amháin;*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – pointe 7 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) planda ar ***sliocht*** é den phlanda ***(***de phlandaí***)*** TGN dá dtagraítear i bpointe (a), lena n-áirítear ***sliocht*** a dhíorthaítear trí na plandaí sin a chrosphórú, ***ar an gcoinníoll nach bhfuil aon mhodhnú breise ann a d'fhágfadh go mbeadh sé faoi réir Threoir 2001/18/CE nó Rialachán 1829/2003***; | (b) planda ar ***síolach*** é den phlanda***/***de phlandaí TGN dá dtagraítear i bpointe (a), lena n-áirítear ***síolach*** a dhíorthaítear trí na plandaí sin a chrosphórú, ***nó síolach a ndearnadh modhnuithe breise air agus a chomhlíonann na critéir maidir le coibhéis le gnáthphlandaí, a leagtar amach in Iarscríbhinn I***; |

*Réasúnú*

*Bíonn cineálacha tráchtála á bhfeabhsú i gcónaí ag póraitheoirí, chun gnóthachain táirgiúlachta incriminteacha a bhaint amach le himeacht ama. Níl an fhoráil seo slán i bhfad*

*na haimsire agus chuirfeadh sí teorainn mhór le raon an mhéid a d'fhéadfaí a bhaint amach agus tréithe casta á gcumasc, amhail caoinfhulaingt triomaigh a chumasc le frithsheasmhacht in aghaidh galar.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – pointe 7 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) nach bhfuil sé indéanta modh anailíseach a chur ar fáil ina leith lena ndéantar brath, sainaithint agus cainníochtú;*** |

*Réasúnú*

*Moltar sa togra nach féidir aon mhodh sainaitheantais a fhorbairt i gcás plandaí áirithe TGN de chatagóir 2, nó nach féidir ach modh sainaitheantais oiriúnaithe a fhorbairt. Mar sin féin, ós rud é gur OGManna rialáilte iad, ní bheidh na plandaí sin go hiomlán inaitheanta ná in-idirdhealaithe ó ghnáthphlandaí, rud a fhágann gur dúshlán sonrach é d'allmhairí i gcás nach féidir TGNanna neamhúdaraithe le hathruithe chatagóir 2 a shainaithint. Dá bhrí sin, tá sé idirdhealaitheach a cheangal go mbeidh gá le hinrianaitheacht GM agus lipéadú táirgí den sórt sin. Dá bhrí sin, ba cheart caitheamh le plandaí TGN sin de chatagóir 2 go loighciúil mar phlandaí TGN de chatagóir 1 (de chineál gnáthphlanda).*

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn 'táirge TGN' ***táirge, seachas*** bia agus beatha***, ina*** bhfuil ***planda*** TGN ***nó*** atá comhdhéanta ***de phlanda TGN agus bia*** agus ***beatha ina bhfuil, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as planda den sórt sin***; | (12) ciallaíonn 'táirge TGN' bia agus beatha ***a*** bhfuil ***plandaí*** TGN ***ann,*** atá comhdhéanta ***díobh nó a tháirgtear astu*** agus ***táirgí eile a bhfuil plandaí den sórt sin ann nó atá comhdhéanta díobh***; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) gurb ***é*** planda TGN de chatagóir 2 atá ann agus go bhfuil sé údaraithe i gcomhréir le Caibidil III. | (2) gurb planda TGN de chatagóir 2 atá ann***,*** agus ***go bhfuil toiliú deonaithe dó nó*** go bhfuil sé údaraithe i gcomhréir le Caibidil III. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 a) Ní bheidh sé de chuspóir ná d'éifeacht ag cur chun feidhme, forfheidhmiú ná cur i bhfeidhm an Rialacháin seo cosc ná bac a chur ar allmhairí phlandaí TGN agus táirgí ó thríú tíortha a chomhlíonann na caighdeáin chéanna a leagtar síos sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4a*** |
| | ***Eisiamh ó inphaitinneacht*** |
| | ***Ní bheidh plandaí TGN, ábhar plandaí TGN agus codanna de phlandaí TGN inphaitinnithe.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le ***OGManna*** i ***reachtaíocht an Aontais, ní bheidh*** feidhm acu maidir le plandaí TGN de chatagóir 1. | 1. Na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le ***horgánaigh de thoradh chur*** i ***bhfeidhm teicnící géinmhodhnaithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 B de Threoir 2001/18/CE, beidh*** feidhm acu ***freisin*** maidir le plandaí TGN de chatagóir 1. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(1a) Beidh plandaí TGN de chatagóir 1 faoi réir an chreata dhlíthiúil chéanna le plandaí a phóraítear mar is gnáth, go háirithe maidir le cearta póraitheoirí plandaí agus féinsíolrú.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 2. Chun críocha Rialachán (AE) 2018/848, na rialacha a leagtar amach ina Airteagail 5 (f) (iii) agus 11 beidh feidhm acu maidir le plandaí TGN de chatagóir 1 agus le táirgí a tháirgtear as nó trí na plandaí sin. | 2. Chun críocha Rialachán (AE) 2018/848, na rialacha a leagtar amach ina Airteagail 5 (f) (iii) agus 11 beidh feidhm acu maidir le plandaí TGN de chatagóir 1 agus le táirgí a tháirgtear as nó trí na plandaí sin. ***7 mbliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil ar éabhlóid dhearcadh na dtomhaltóirí agus na dtáirgeoirí, lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach chun deireadh a chur leis an toirmeasc ar úsáid TGNanna i dtáirgeadh orgánach.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Ní bheidh plandaí TGN de chatagóir 1 ná táirgí a fhaightear ó nó trí phlandaí den sórt sin faoi réir bearta cómhaireachtála a bhunaítear faoi Airteagal 24 den Rialachán seo nó Rialachán 1829/2003.*** |

*Réasúnú*

*Ós rud é nach ann do bhearta sonracha cómhaireachtála idir gnáthchórais táirgthe agus córais táirgthe orgánacha, agus ós rud é gur plandaí de chineál gnáthphlanda iad plandaí TGN de chatagóir 1, níl aon ghá le bearta cómhaireachtála.*

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 lena leasaítear na critéir choibhéise maidir le plandaí TGN le gnáthphlandaí a leagtar síos in Iarscríbhinn I chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicneolaíochta agus eolaíochta a mhéid a bhaineann le cineálacha agus le ***fairsinge*** na modhnuithe is féidir tarlú go nádúrtha nó tríd an ngnáthphórú. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 26 lena leasaítear na critéir choibhéise maidir le plandaí TGN le gnáthphlandaí a leagtar síos in Iarscríbhinn I chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicneolaíochta agus eolaíochta a mhéid a bhaineann le cineálacha***, le fairsinge, le toisí*** agus le ***líon*** na modhnuithe is féidir tarlú go nádúrtha nó tríd an ngnáthphórú. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Nós imeachta fíorúcháin um stádas phlanda TGN de chatagóir 1 ***roimh scaoileadh réamhbheartaithe chun aon chríche eile seachas lena chur ar an margadh*** | Nós imeachta fíorúcháin um stádas planda TGN de chatagóir 1**.** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tuairisc ar an tréith/na tréithe agus ar na saintréithe a tugadh isteach nó a modhnaíodh; | (c) tuairisc ar an tréith/na tréithe agus ar na saintréithe a tugadh isteach nó a modhnaíodh ***lena n-áirítear faisnéis maidir leis an teicníc/na teicnící a úsáideadh chun an tréith/na tréithe a fháil***; |

*Réasúnú*

*Chun ailíniú le leasuithe roimhe seo maidir le faisnéis sa bhunachar sonraí – féach aithris 23.*

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Admhóidh an t-údarás inniúil don iarrthóir ***gan moill mhíchuí*** go bhfuair siad an iarraidh ar fhíorú, agus an dáta a bhfuarthas í á shonrú. Cuirfidh sé an iarraidh ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún ***gan moill mhíchuí***. | 4. Admhóidh an t-údarás inniúil don iarrthóir ***laistigh de 10 lá oibre*** go bhfuair siad an iarraidh ar fhíorú, agus an dáta a bhfuarthas í á shonrú. Cuirfidh sé an iarraidh ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún ***laistigh de 10 lá oibre***. |

*Réasúnú*

*Ba cheart an amlíne a bheith níos intuartha le líon daingean laethanta chun é a dhéanamh níos éasca do FBManna go háirithe eolas a bheith acu ar fhad an phróisis.*

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Mura mbeidh san iarraidh ar fhíorú an fhaisnéis uile is gá, dearbhóidh an t-údarás inniúil í a bheith neamh-inghlactha laistigh de 30 lá oibre ó dháta faighte iarrata ar fhíorú. Cuirfidh an t-údarás inniúil an t-iarrthóir, na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi neamh-inghlacthacht na hiarrata ar fhíorú agus soláthróidh na cúiseanna lena chinneadh. | 5. Mura mbeidh san iarraidh ar fhíorú an fhaisnéis uile is gá, dearbhóidh an t-údarás inniúil í a bheith neamh-inghlactha laistigh de 30 lá oibre ó dháta faighte iarrata ar fhíorú. Cuirfidh an t-údarás inniúil an t-iarrthóir, na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas ***laistigh de 10 lá oibre*** faoi neamh-inghlacthacht na hiarrata ar fhíorú agus soláthróidh na cúiseanna lena chinneadh. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Mura measfar an iarraidh ar fhíorú a bheith neamh-inghlactha i gcomhréir le mír 5, fíoróidh an t-údarás inniúil cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus ullmhóidh tuarascáil fíorúcháin laistigh de 30 lá oibre ó dháta faighte iarrata ar fhíorú. Cuirfidh an t-údarás inniúil an tuarascáil fíorúcháin ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún gan moill mhíchuí. | 6. Mura measfar an iarraidh ar fhíorú a bheith neamh-inghlactha i gcomhréir le mír 5, fíoróidh an t-údarás inniúil ***náisiúnta*** cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an planda TGN na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus ullmhóidh tuarascáil fíorúcháin laistigh de 30 lá oibre ó dháta faighte iarrata ar fhíorú. Cuirfidh an t-údarás inniúil ***náisiúnta*** an tuarascáil fíorúcháin ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún gan moill mhíchuí. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Féadfaidh na Ballstáit eile agus an Coimisiún ***barúlacha*** a ***thabhairt*** faoin | 7. Féadfaidh na Ballstáit eile agus an Coimisiún ***agóidí eolaíocha réasúnaithe*** a |

| | |
|---|---|
| tuarascáil fíorúcháin laistigh de 20 lá ó dháta faighte na tuarascála sin. | ***dhéanamh*** faoin tuarascáil fíorúcháin laistigh de 20 lá ó dháta faighte na tuarascála sin. ***Ní dhéanfar tagairt sna hagóidí eolaíocha réasúnaithe sin ach do na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus beidh réasúnú eolaíoch san áireamh iontu.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. In éagmais aon ***bharúil*** ó Bhallstát ná ón gCoimisiún, laistigh ***de 10 lá oibre ó dháta dhul in éag an*** sprioc-ama dá dtagraítear i mír 7, déanfaidh an t-údarás inniúil a d'ullmhaigh an tuarascáil fíorúcháin cinneadh lena ndearbhófar cé acu is planda TGN de chatagóir 1 é an planda TGN nó nach é. Tarchuirfidh ***sé*** an cinneadh ***gan moill mhíchuí*** chuig an iarrthóir, chuig na Ballstáit eile agus chuig an gCoimisiún. | 8. In éagmais aon ***agóidí eolaíocha réasúnaithe*** ó Bhallstát ná ón gCoimisiún, laistigh ***den*** sprioc-ama dá dtagraítear i mír 7, déanfaidh an t-údarás inniúil ***náisiúnta*** a d'ullmhaigh an tuarascáil fíorúcháin cinneadh lena ndearbhófar cé acu is planda TGN de chatagóir 1 é an planda TGN nó nach é. Tarchuirfidh ***an t-údarás inniúil náisiúnta*** an cinneadh ***laistigh de 10 lá oibre*** chuig an iarrthóir, chuig na Ballstáit eile agus chuig an gCoimisiún. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***9. I gcásanna ina dtabharfaidh Ballstát eile nó an Coimisiún barúil faoin sprioc-am dá dtagraítear i mír 7, cuirfidh an t-údarás inniúil a d'ullmhaigh an tuarascáil fíorúcháin an bharúil (na barúlacha) ar aghaidh chuig an gCoimisiún gan moill mhíchuí.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. ***Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis*** an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás')***, dréachtchinneadh*** a ***ullmhú lena ndearbhófar cé acu is planda TGN de chatagóir 1 é an planda TGN nó nach é*** laistigh de ***45*** lá ***oibre*** ó dháta faighte na ***barúla (na mbarúlacha), agus*** an ***méid is deireanaí atá luaite á chur san áireamh***. ***Glacfar*** an cinneadh ***i gcomhréir leis*** an ***nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 28(2)***. | 10. ***I gcás ina ndearnadh agóidí eolaíocha réasúnaithe, iarrfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta ar*** an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ***tuairim eolaíoch*** a ***thabhairt maidir leis an tuarascáil fíorúcháin. Eiseoidh an tÚdarás a thuairim eolaíoch faoin tuarascáil fíorúcháin*** laistigh de ***30*** lá ó dháta faighte na ***tuarascála sin. Glacfaidh an t-údarás inniúil cinneadh bunaithe ar thuairim eolaíoch*** an ***Údaráis laistigh de 20 lá oibre ón dáta a bhfaighfear an tuairim sin***. ***Tarchuirfidh an t-údarás inniúil*** an cinneadh ***gan moill mhíchuí chuig*** an ***iarrthóir, chuig na Ballstáit eile agus chuig an gCoimisiún***. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***[...]*** | ***scriosta*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7 a*** |
| | ***Saorghluaiseacht phlandaí TGN de chatagóir 1 agus tháirgí TGN de chatagóir 1*** |
| | ***Ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc, srian ná bac ar scaoileadh réamhbheartaithe phlandaí TGN de chatagóir 1 agus tháirgí TGN de chatagóir 1, ná ar a gcur ar*** |

***mhargadh aonair an Aontais, ar plandaí agus táirgí iad a chomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo.***

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7b*** |
| | ***Plandaí de thoradh crosphórú mar is gnáth idir dhá phlanda TGN de chatagóir 1*** |
| | ***Planda atá de thoradh crosphórú mar is gnáth idir dhá phlanda fíoraithe TGN de chatagóir 1 agus ina gcoinnítear na modhnuithe a tugadh isteach, ní mheastar gur planda TGN nua é agus coinníonn sé a stádas mar phlanda TGN de chatagóir 1 go huathoibríoch.*** |

*Réasúnú*

*Tá sé an-úsáideach soiléiriú a dhéanamh ar stádas phlandaí TGN de chatagóir 1 ar de thoradh gnáth-chrosphórú idir dhá planda fíoraithe TGN de chatagóir 1 iad.*

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 10*** | ***scriosta*** |
| ***Ábhar atáirgthe plandaí, lena n-áirítear ábhar chun críoch pórúcháin agus eolaíochta, ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phlanda/phlandaí TGN de chatagóir 1 agus a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe, cibé acu is ar íocaíocht nó saor in aisce é, beidh lipéad air lena léireofar na focail 'TGN cat 1' [TGN de chatagóir 1], agus uimhir aitheantais an*** | |

***phlanda/na bplandaí TGN dá díorthaíodh é.***

***Ábhar atáirgthe plandaí, lena n-áirítear ábhar chun críoch pórúcháin agus eolaíochta, ina bhfuil nó atá comhdhéanta de phlanda/phlandaí TGN de chatagóir 1 agus a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe, cibé acu is ar íocaíocht nó saor in aisce é, beidh lipéad air lena léireofar na focail 'TGN cat 1' [TGN de chatagóir 1], agus uimhir aitheantais an phlanda/na bplandaí TGN dá díorthaíodh é.***

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh toirmeasc ar tháirgí tomhaltais a lipéadú mar tháirgí ina bhfuil táirgí TGN nó a forbraíodh trí úsáid a bhaint as TGN. Thairis sin, beidh toirmeasc ar úsáid a bhaint as 'lipéadú diúltach', is é sin, táirgí a lipéadú mar tháirgí nach bhfuil TGN iontu nó nár forbraíodh trí úsáid a bhaint as TGN.*** |

*Réasúnú*

*Tá sé tábhachtach a áirithiú nach mbeidh aon lipéadú ar tháirgí tomhaltais – 'lipéadú diúltach' mar a thuairiscítear ina measc. Tá an lipéadú den sórt sin idirdhealaitheach agus míthreorach i leith tomhaltóirí toisc nach bhfuil an t-eolas ar theicnící pórúcháin plandaí forleathan agus nach ndéantar é a lipéadú go traidisiúnta.*

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 – pointe l**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (l) modhanna samplála (lena n-áirítear tagairtí do mhodhanna samplála oifigiúla | (l) modhanna samplála (lena n-áirítear tagairtí do mhodhanna samplála oifigiúla |

| | |
|---|---|
| nó caighdeánaithe atá ann cheana), brath, sainaithint agus cainníochtú an phlanda TGN. I gcásanna nach ***féidir*** modh anailíseach a sholáthar a bhraitheann, a shainaithníonn agus a chainníochtaíonn, ***má thugann*** an ***fógróir údar cuí leis, déanfar na rialacha mionsonraithe maidir le ceanglais modha anailíse a chomhlíonadh a oiriúnú mar a shonraítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh*** i gcomhréir le hAirteagal ***27, pointe*** (***e***) ***agus sa chomhairle dá dtagraítear in Airteagal 29***(***2***)***;*** | nó caighdeánaithe atá ann cheana), brath, sainaithint agus cainníochtú an phlanda TGN. I gcásanna nach ***bhfuil sé indéanta*** modh anailíseach a sholáthar a bhraitheann, a shainaithníonn agus a chainníochtaíonn, ***tiocfaidh*** an ***planda TGN sin faoi chatagóir 1*** i gcomhréir le hAirteagal ***3***(***7***)(***ba***)***.*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart plandaí TGN nach féidir aon mhodh aitheantais uathúil a fhorbairt ina leith a rialáil mar phlandaí THN de chatagóir 1, toisc nach mbeidh siad inaitheanta ó phlandaí a ndéantar iad a phórú mar is gnáth. Dá mbeadh aon toradh eile ann, bheadh saincheisteanna forfheidhmiúcháin ann agus chruthófaí dúshláin d’allmhairí.*

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 16*** | ***scriosta*** |
| ***Lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 23*** | |
| ***Ina theannta Airteagal 19(3) de Threoir 2001/18/CE, sonrófar an lipéadú sa toiliú i scríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 23 den Rialachán seo.*** | |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh feidhm ag na dreasachtaí san Airteagal seo maidir le plandaí TGN de | 1. Beidh feidhm ag na dreasachtaí san Airteagal seo maidir le plandaí TGN de |

chatagóir 2 agus maidir le táirgí TGN de chatagóir 2 , i gcás ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de thréithe beartaithe an phlanda TGN a thugtar tríd an ngéinmhodhnú le fáil ***i gCuid*** 1 ***d'Iarscríbhinn III*** agus nach bhfuil aon tréith aige dá dtagraítear i gCuid 2 ***den Iarscríbhinn sin***.

chatagóir 2 agus maidir le táirgí TGN de chatagóir 2, i gcás ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de thréithe beartaithe an phlanda TGN a thugtar tríd an ngéinmhodhnú le fáil ***in Airteagal 52(***1***) de Rialachán (AE) .../... (maidir le hÁbhar Atáirgthe Plandaí)*** agus nach bhfuil aon tréith aige dá dtagraítear i gCuid 2 ***d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo***.

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 23*** | ***scriosta*** |
| ***Lipéadú ar tháirgí údaraithe TGN de chatagóir 2*** | |
| ***I dteannta na gceanglas maidir le lipéadú dá dtagraítear in Airteagal 21 de Threoir 2001/18/CE, in Airteagail 12, 13, 24 agus 25 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, agus in Airteagal 4(6) go (7) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, agus gan dochar do na ceanglais faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais, féadfar an tréith/na tréithe a thugtar tríd an ngéinmhodhnú a lua ar lipéadú táirgí údaraithe TGN de chatagóir 2, mar a shonraítear sa toiliú nó san údarú de bhun Ranna 2 nó 3 de Chaibidil III den Rialachán seo.*** | |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Glacfaidh*** na Ballstáit bearta iomchuí chun láithreacht neamhbheartaithe ***plandaí*** de | ***Féadfaidh*** na Ballstáit bearta iomchuí ***a dhéanamh*** chun láithreacht |

| | |
|---|---|
| chatagóir 2 ***TGN*** a sheachaint i dtáirgí nach bhfuil faoi réir Threoir 2001/18 ná Rialachán 1829/2003. | neamhbheartaithe ***phlandaí TGN*** de chatagóir 2 a sheachaint i dtáirgí nach bhfuil faoi réir Threoir 2001/18 ná Rialachán 1829/2003***, ach amháin sa chás inar féidir plandaí TGN de chatagóir 2 a bhrath, a shainaithint agus a chainníochtú trí mhodh anailíseach***. ***Ní bheidh feidhm ag na forálacha sin maidir le plandaí TGN de chatagóir 1 agus táirgí TGN de chatagóir 1*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní bheidh feidhm ag Airteagal 26b de Threoir 2001/18/CE maidir le plandaí TGN ***de chatagóir 2***. | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 26b de Threoir 2001/18/CE maidir le plandaí TGN. |

*Réasúnú*

*Ós rud é go bhfuil plandaí )TGN de chatagóir 1 coibhéiseach le gnáthphlandaí, níor cheart go mbeadh gá le rogha gan na táirgí sin a shaothrú.*

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Tráth nach déanaí ná 2026, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún maidir le ról agus tionchar na bpaitinní ar rochtain na bpóraitheoirí agus na bhfeirmeoirí ar ábhar éagsúil atáirgthe plandaí, agus ar an nuálaíocht agus go háirithe ar dheiseanna do FBManna. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar cibé an bhfuil gá le tuilleadh*** |

***forálacha dlíthiúla sa bhreis orthu sin dá bhforáiltear in Airteagal 4a agus in Airteagal 33a den Rialachán seo. I gcás inarb iomchuí chun rochtain na bpóraitheoirí agus na bhfeirmeoirí ar ábhar atáirgthe plandaí, ar éagsúlacht síolta agus ar phraghsanna inacmhainne a áirithiú, chomh maith leis an nuálaíocht a chur chun cinn go leanúnach, go háirithe d'fhonn deiseanna a chur ar fáil do FBManna, beidh treochlár ag gabháil leis an tuarascáil chun aghaidh a thabhairt ar choigeartuithe riachtanacha breise sa chreat maoine intleachtúla.***

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 33a*** |
| | ***Leasuithe ar Threoir 98/44/CE*** |
| | ***Leasaítear Airteagal 4 de Threoir 98/44/CE maidir le cosaint dlí aireagán bith-theicneolaíoch mar a leanas:*** |
| | ***I mír 1, cuirtear isteach pointe (c) agus pointe (d):*** |
| | ***'(c) plandaí TGN, ábhar plandaí TGN agus codanna díobh, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) .../... [cuir isteach tagairt don Rialachán seo];*** |
| | ***(d) plandaí, ábhar plandaí agus codanna díobh is féidir a chur ar fáil trí theicnící atá eisiata ó raon feidhme Threoir 2001/18/CE mar a liostaítear in Iarscríbhinn I B a ghabhann leis an treoir sin.'*** |

*Réasúnú*

*Ailíniú teicniúil i ndáil leis an ábhar plandaí a eisiamh ó inphaitinneacht.*

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm aige ón [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | Beidh feidhm aige ón [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. ***Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 4a agus Airteagal 33a ón dáta theacht i bhfeidhm.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Meastar planda TGN a bheith coibhéiseach le gnáthphlandaí ***i gcás ina mbíonn sé difriúil ón bplanda is faighteoir/tuismitheoir faoi 20 géinmhodhnú ar*** a ***mhéad de na cineálacha*** dá dtagraítear i bpointí 1 ***go 5, in aon seicheamh DNA*** a ***chomhroinneann cosúlacht seichimh leis an suíomh spriocdhírithe is féidir a thuar le huirlisí bithfhaisnéisíochta.*** | Meastar planda TGN a bheith coibhéiseach le gnáthphlandaí ***má chomhlíontar na coinníollacha seo*** a ***leanas*** dá dtagraítear i bpointí 1 ***agus 1***a***:*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) 20 núicléitíd ar a mhéad a ionadú nó a ionsá; | (1) ***Ní mó líon na n-eachtraí sócháin seo a leanas, ar féidir iad a chumasc lena chéile, ná 3 cinn in aghaidh aon seichimh phróitéin-chódaithe (eisiatar sócháin in iontróin agus seichimh rialála ón teorainn sin):*** |

| | |
|---|---|
| | ***(a)*** 20 núicléitíd ar a mhéad a ionadú nó a ionsá; |
| | ***(b) líon ar bith núicléitídí a scriosadh;*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 a) Ní chruthaíonn na géinmhodhnuithe seo a leanas, ar féidir iad a chumasc lena chéile, próitéin chiméarach nach bhfuil i speicis ón linn géine chun críoch pórúcháin:*** |
| | ***(a) seichimh DNA leanúnacha atá sa linn géinte chun críoch pórúcháin a ionsá ar bhealach spriocdhírithe;*** |
| | ***(b) seichimh DNA leanúnacha atá sa linn géinte chun críoch pórúcháin a chur in ionad seicheamh DNA inginiúil ar bhealach spriocdhírithe;*** |
| | ***(c) seichimh DNA inginiúla leanúnacha atá sa linn géine chun críoch pórúcháin a inbhéartú nó trasghluaisteacht a dhéanamh orthu.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(2)* ***líon ar bith núicléitídí a scriosadh;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(3) ar choinníoll nach gcuireann an géinmhodhnú isteach ar ghéin inginiúil:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) seicheamh DNA tadhlach atá ann i linn géinte an phóraitheora a ionsá ar bhealach spriocdhírithe;*** | |
| ***(b) seicheamh DNA tadhlach atá ann i linn géinte an phóraitheora a chur in ionad seichimh DNA inginiúil ar bhealach spriocdhírithe;*** | |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(4) seicheamh ina bhfuil líon ar bith núicléitídí a inbhéartú ar bhealach spriocdhírithe;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(5) aon mhodhnú spriocdhírithe eile ar aon mhéid, ar choinníoll go dtarlaíonn na seichimh DNA a eascraíonn as cheana féin (d'fhéadfadh modhnuithe a bheith i gceist mar a ghlactar leis sin faoi phointí (1) agus/nó (2)) i speiceas ó linn géinte na bpóraitheoirí.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tréithe lena dtugtar údar leis na dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 22***:*** | ***Liostaítear in Airteagal 52(1) de Rialachán (AE) .../... (ar Ábhar Atáirgthe Plandaí) na*** tréithe lena dtugtar údar leis na dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 22***.*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart measúnú na hinbhuanaitheachta a bheith i gcomhréir leis an Rialachán maidir le hÁbhar Atáirgthe Plandaí, lena mbunaítear na ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh gach cineál Ábhair Atáirgthe Plandaí. Scriostar pointí (1) go (7) seo a leanas:*

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(1) táirgeacht, lena n-áirítear cobhsaíocht táirgeachta agus táirgeacht faoi dhálaí ionchuir ísil;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(2) lamháltas/frithsheasmhacht in aghaidh struis bhitheacha, lena n-áirítear galair plandaí ar néimeatóidí, fungais, baictéir, víris agus lotnaidí eile is cúis leo;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| ***(3) lamháltas/frithsheasmhacht in aghaidh struis aibitheacha, lena n-áirítear na struis sin a chruthaítear nó a ghéaraítear de thoradh an athraithe aeráide;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(4) úsáid níos éifeachtúla acmhainní, amhail uisce agus cothaithigh;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(5) saintréithe lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht na stórála, na próiseála agus an dáilte;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(6) saintréithe cáilíochta nó cothaitheacha feabhsaithe;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(7) gá laghdaithe le hionchuir*** | ***scriosta*** |

***sheachtracha, amhail táirgí cosanta plandaí agus leasacháin.***

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – Cuid 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2 Tréithe gan cur i bhfeidhm na ndreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 22 a áireamh: frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí.*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*Eisiatar ó na dreasachtaí rialála in Iarscríbhinn III, Cuid 2, plandaí TGN a bhfuil tréithe luibhicídfhulangacha acu. Níl eisiamh den sórt sin comhsheasmhach le haithris 36 lena soiléirítear nach bhfuil sé i gceist leis an Rialachán atá beartaithe bearta sonracha a dhéanamh maidir le plandaí TGN luibhicídfhulangacha.*

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 |
| **Tagairtí** | COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>19.10.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>19.10.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 19.10.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Veronika Vrecionová<br>28.8.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 26.10.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 11.12.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 34<br>–: 11<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Dacian Cioloş, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Paola Ghidoni, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Camilla Laureti, Norbert Lins, Elena Lizzi, Colm Markey, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Eugenia Rodríguez Palop, Daniela Rondinelli, Katarína Roth Neveďalová, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna Deparnay-Grunenberg, Dino Giarrusso, Charles Goerens, Claude Gruffat, Anja Hazekamp, Peter Jahr, Cristina Maestre Martín De Almagro, Sandra Pereira, Michaela Šojdrová, Tom Vandenkendelaere, Thomas Waitz |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mercedes Bresso |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 34 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| ID | Ivan David, Paola Ghidoni, Elena Lizzi |
| NI | Dino Giarrusso |
| PPE | Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Colm Markey, Marlene Mortler, Anne Sander, Michaela Šojdrová, Tom Vandenkendelaere, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Asger Christensen, Dacian Cioloş, Jérémy Decerle, Charles Goerens, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Ulrike Müller |
| S&D | Clara Aguilera, Mercedes Bresso, Paolo De Castro, Camilla Laureti, Cristina Maestre Martín De Almagro, Juozas Olekas, Daniela Rondinelli |

| 11 | - |
|---|---|
| ECR | Krzysztof Jurgiel |
| NI | Katarína Roth Neveďalová |
| S&D | Maria Noichl |
| The Left | Anja Hazekamp, Sandra Pereira, Eugenia Rodríguez Palop |
| Verts/ALE | Anna Deparnay-Grunenberg, Claude Gruffat, Martin Häusling, Thomas Waitz, Sarah Wiener |

| 1 | 0 |
|---|---|
| S&D | Isabel Carvalhais |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha áirithe agus a mbia agus a mbeatha, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 |
| **Tagairtí** | COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 6.7.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>19.10.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>19.10.2023 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>19.10.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Jessica Polfjärd<br>28.8.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 7.11.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 47<br>–: 31<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Catherine Amalric, Maria Arena, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Michael Bloss, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Nathalie Colin-Oesterlé, Maria Angela Danzì, Esther de Lange, Christian Doleschal, Bas Eickhout, Pietro Fiocchi, Heléne Fritzon, Malte Gallée, Gianna Gancia, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Petros Kokkalis, Peter Liese, Javi López, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Lydie Massard, Liudas Mažylis, Marina Mesure, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Nikos Papandreou, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Erik Poulsen, Nicola Procaccini, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone, Günther Sidl, Maria Spyraki, Nils Torvalds, Edina Tóth, Achille Variati, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asger Christensen, Christophe Clergeau, Margarita de la Pisa Carrión, Martin Häusling, Ska Keller, Danilo Oscar Lancini, Sara Matthieu, Marlene Mortler, Manuela Ripa, Nicolae Ştefănuță, Idoia Villanueva Ruiz |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Katarina Barley, Franc Bogovič, Daniel Buda, Ana Collado Jiménez, Paola Ghidoni, Peter Jahr, Thierry Mariani, Nora Mebarek, Sara Skyttedal, Michaela Šojdrová, Veronika Vrecionová, Stefania Zambelli |
| **Dáta don chur síos** | 29.1.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 47 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Teuvo Hakkarainen, Margarita de la Pisa Carrión, Nicola Procaccini, Alexandr Vondra, Veronika Vrecionová |
| ID | Gianna Gancia, Paola Ghidoni, Danilo Oscar Lancini, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone |
| PPE | Hildegard Bentele, Franc Bogovič, Daniel Buda, Nathalie Colin-Oesterlé, Ana Collado Jiménez, Christian Doleschal, Peter Jahr, Esther de Lange, Peter Liese, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Marlene Mortler, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Sara Skyttedal, Michaela Šojdrová, Maria Spyraki, Pernille Weiss, Stefania Zambelli |
| Renew | Catherine Amalric, Pascal Canfin, Asger Christensen, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Erik Poulsen, Frédérique Ries, Nils Torvalds, Emma Wiesner |
| S&D | Heléne Fritzon, Javi López, César Luena, Achille Variati |

| 31 | - |
|---|---|
| NI | Maria Angela Danzì, Edina Tóth |
| Renew | Martin Hojsík, Michal Wiezik |
| S&D | Maria Arena, Katarina Barley, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Christophe Clergeau, Nora Mebarek, Nikos Papandreou, Günther Sidl, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| The Left | Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Marina Mesure, Silvia Modig, Idoia Villanueva Ruiz, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Bas Eickhout, Malte Gallée, Martin Häusling, Ska Keller, Lydie Massard, Sara Matthieu, Ville Niinistö, Manuela Ripa, Nicolae Ştefănuță |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ID | Catherine Griset, Thierry Mariani |
| Renew | María Soraya Rodríguez Ramos |
| S&D | Alessandra Moretti |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh